

EBA/GL/2021/14

22 Samhain 2021

Treoirlínte

maidir le rialachas inmheánach faoi
Threoir (AE) 2019/2034

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Eisítear na treoirlínte sin de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais, gnólachtaí infheistíochta san áireamh, gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirlínte, leagtar amach tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, a bhfuil feidhm ag na Treoirlínte maidir leo, comhlíonadh a áirithiú trí na Treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar ghnólachtaí infheistíochta.

Ceanglais tuairiscithe

3. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúil fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé na treoirlínte sin, nó na cúiseanna atá leis an neamhchomhlíonadh a chur in iúl ar shlí eile, faoi 16.05.2022. In éagmais fógra a fháil faoin spriocdháta sin, measfaidh ÚBE go bhfuil an t-údarás inniúil neamhchomhlíontach. Ba cheart fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a sheoladh chuig compliance@eba.europa.eu agus an tagairt 'EBA/GL/2021/14' a shonrú. Ba cheart go ndéanfaidh daoine a bhfuil údarás cuí acu fógraí maidir le comhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údarás inniúil. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12)

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte sin, i gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Threoir (AE) 2019/2034², na socruithe, na próisis agus na sásraí rialachais inmheánaigh ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a chur chun feidhme i gcomhréir le Teideal IV, Caibidil 2, Roinn 2 den Threoir sin chun bainistiú éifeachtach stuama na ngnólachtaí infheistíochta sin a áirithiú.
6. Tá feidhm ag na treoirlínte gan dochar do na forálacha a leagtar amach in Airteagail 9, 16, 23 agus 24 de Threoir (AE) 2014/65, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún agus i dThreoir Tarmligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún.

Seolaithe

7. Tá na treoirlínte sin dírithe ar na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (viii) de Rialachán (AE) 1093/2010 agus a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 5 de Threoir (AE) 2019/2034, agus ar institiúidí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 1093/2010 ar gnólachtaí infheistíochta iad mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(1) de Threoir (AE) 2014/65, nach dtagann faoi réir Airteagal 2(2) de Threoir (AE) 2019/2034 agus nach gcomhlíonann na coinníollacha uile chun cáiliú mar ghnólachtaí infheistíochta beaga agus neamh-idirnasctha faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033.

An raon feidhme

8. Tá feidhm ag na treoirlínte sin maidir le socruithe rialachais gnólachtaí infheistíochta mar a cheanglaítear faoi Threoir (AE) 2019/2034, lena n-áirítear a struchtúr eagrúcháin agus na línte freagrachta comhfheagracha, agus freisin maidir leis na próisis chun na rioscaí go léir³ a bhfuil siad nó a d'fhéadfaidís a bheith neamhchosanta orthu, agus don chreat rialaithe inmheánaigh, a shainnaint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu.
9. Beidh feidhm ag na treoirlínte sin ar bhonn aonair agus comhdhlúite laistigh den raon feidhme a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir (AE) 2019/2034.

² Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE

³ Ba cheart a áireamh in aon tagairt do rioscaí sna treoirlínte sin na rioscaí go léir a mbeidh gnólachtaí infheistíochta neamhchosanta orthu nó a d'fhéadfaidís a bheith neamhchosanta orthu, lena n-áirítear rioscaí do chliant, rioscaí don mhargadh, rioscaí don ghnólacht infheistíochta agus rioscaí leachtachta, rioscaí oibriúcháin lena n-áirítear rioscaí dlíthiúla agus TF agus rioscaí do chlú, rioscaí ESG agus rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta.

10. Tá sé i gceist go n-áireofar sna treoirlínte gach struchtúr boird atá ann cheana féin agus nach dtacóidh siad le haon struchtúr ar leith. Ní chuireann na treoirlínte isteach ar leithdháileadh ginearálta inniúlachtaí de réir dhlí náisiúnta na gcuideachtaí. Dá réir sin, ba cheart iad a chur i bhfeidhm beag beann ar an struchtúr boird a úsáidtear (struchtúr aonadach agus/nó débhoird agus/nó struchtúr eile) ar fud na mBallstát. Ba cheart a thuiscint go bhfuil feidhmeanna bainistíochta (feidhmiúcháin) agus maoirseachta (neamhfheidhmiúcháin) ag an gcomhlacht bainistíochta, mar a shainmhínítear i bPointe (23) agus i bPointe (24) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/2034⁴.
11. Úsáidtear na téarmaí 'comhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta' agus 'comhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta' sna treoirlínte sin gan tagairt d'aon struchtúr rialachais sonracha, agus ba cheart glacadh le tagairtí don fheidhm bhainistíochta (feidhmiúcháin) nó don fheidhm mhaoirseachta (neamhfheidhmiúcháin) mar thagairtí a bhfuil feidhm acu maidir le comhlachtaí nó comhaltaí an chomhlachta bainistíochta atá freagrach as an bhfeidhm sin i gcomhréir le dlí náisiúnta. Nuair a bheidh na treoirlínte sin á gcur chun feidhme, ba cheart do na húdaráis inniúla a ndlí náisiúnta cuideachtaí a chur san áireamh agus a shonrú, i gcás inar gá, an comhlacht nó na comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ar cheart feidhm a bheith ag na feidhmeanna sin maidir leis nó leo.
12. Sna Ballstáit ina ndéanann an comhlacht bainistíochta an fheidhm feidhmiúcháin a tharmligean, go páirteach nó go hiomlán, chuig duine nó chuig comhlacht feidhmiúcháin inmheánach (e.g. príomhoifigeach feidhmiúcháin (POF), foireann bainistíochta nó coiste feidhmiúcháin), ba cheart a thuiscint gurb iad na daoine a chomhlíonann na feidhmeanna feidhmiúcháin sin agus a stiúirann gnó na hinstiúide ar bhonn an tarmligin sin feidhm bhainistíochta an chomhlachta bainistíochta. Chun críocha na dtreoirlínte seo, ba cheart go dtuigfí le haon tagairt don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta go n-áirítear comhaltaí an chomhlachta feidhmiúcháin nó an POF freisin, mar a shainmhínítear sna treoirlínte sin, fiú murar moladh nó murar ceapadh iad mar chomhaltaí foirmiúla de chomhlacht nó de chomhlachtaí rialaithe an ghnólachta infheistíochta faoin dlí náisiúnta.
13. Sna Ballstáit ina bhfuil roinnt freagrachtaí á bhfeidhmiú go díreach ag scairshealbhóirí, ag comhaltaí nó ag úinéirí na ngnólachtaí infheistíochta seachas ag an gcomhlacht bainistíochta, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go bhfuil na freagrachtaí agus na cinntí gaolmhara sin i gcomhréir, a mhéid is féidir, leis na treoirlínte sin is infheidhme maidir leis an gcomhlacht bainistíochta.
14. Tá na sainmhínithe ar POF, ar phríomhoifigeach airgeadais (POA) agus ar shealbhóir na príomhfheidhme a úsáidtear sna treoirlínte seo go hiomlán feidhmiúil agus níl sé mar aidhm leo ceapadh na n-oifigeach sin a fhorchur ná poist den sórt sin a chruthú mura bhforordaítear é sin le dlí ábhartha an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

⁴ Féach freisin ar aithris 27 de Threoir 2019/2034/AE

Sainmhínte

15. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/2034 agus i Rialachán (AE) 2033/2019 sna treoirlínte. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

Inghlacthacht riosca	ciallaíonn sé an leibhéal comhiomlán agus na cineálacha riosca a bhfuil gnólacht infheistíochta toilteanach glacadh leo laistigh dá acmhainn riosca, i gcomhréir lena shamhail ghnó, chun a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.
Acmhainn riosca	ciallaíonn sé an t-uasleibhéal riosca is féidir le gnólacht infheistíochta glacadh leis i bhfianaise a bhoinn chaipitil, a acmhainní bainistíochta riosca agus rialaithe, agus na srianta rialála a bhaineann leis.
An cultúr riosca	ciallaíonn sé noirm, dearcthaí agus iompraíochtaí gnólachta infheistíochta a bhaineann le feasacht riosca, dul i riosca agus bainistiú riosca, agus na rialuithe lena múnlaítear cinntí maidir le rioscaí. Imríonn an cultúr riosca tionchar ar chinntí na bhfoirne bainistíochta agus na bhfostaithe nuair a bhíonn a ngníomhaíochtaí laethúla á gcur i gcrích acu agus tá tionchar aige freisin ar na rioscaí a nglacann siad leo.
Foireann	ciallaíonn sé gach fostaí atá ag gnólacht infheistíochta agus a fhochuideachtaí ar bhonn comhdhlúite agus gach comhalta dá gcomhlachtaí bainistíochta faoi seach a bhfuil feidhm bhainistíochta agus feidhm mhaoirseachta acu.
Príomhoifigeach feidhmiúcháin (POF)	ciallaíonn sé an duine atá freagrach as gníomhaíochtaí gnó foriomlána gnólacht infheistíochta a bhainistiú agus a stiúradh.
Príomhoifigeach airgeadais (POA)	ciallaíonn sé an duine ar a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán as na gníomhaíochtaí seo a leanas a bhainistiú: bainistiú acmhainní airgeadais, pleanáil airgeadais agus tuairisciú airgeadais.
Cinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh	ciallaíonn sé na daoine ag an leibhéal ordlathach is airde a bhfuil sé de chúram orthu bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar oibriú laethúil na bhfeidhmeanna neamhspleácha bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúcháireachta inmheánaí.
Sealbhóirí eochairfeidhmeanna	ciallaíonn sé daoine a bhfuil tionchar suntasach acu ar stiúradh na ngnólachtaí infheistíochta ach nach comhaltaí den chomhlacht bainistíochta iad nó nach POF iad. Áirítear ina measc ceannairí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus an POA, sa chás nach comhaltaí den chomhlacht bainistíochta iad, agus i gcás ina sainithníonn gnólachtaí infheistíochta iad trí chur chuige rioscabhunaithe, sealbhóirí eochairfeidhmeanna eile.

D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc sealbhóirí eochairfeidhmeanna eile cinn línte gnó suntasacha, brainsí an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch/Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, fochuideachtaí tríú tír agus feidhmeanna inmheánacha eile.

Máthairghnóthas de chuid an Aontais	máthairchuideachta infheistíochta de chuid an Aontais, máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais a cheanglaítear uirthi cloí leis na ceanglais stuamachta bunaithe ar an staid chomhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033.
Comhdhlúthú stuamachta	ciallaíonn sé cur i bhfeidhm na rialacha stuamachta a leagtar amach in Airteagal 25 de Threoir (AE) 2019/2034 agus in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033 ⁵
Gnólachtaí infheistíochta liostaithe	ciallaíonn sé seo gnólachtaí infheistíochta a gceadaítear dá n-ionstraimí airgeadais trádáil ar mhargadh rialáilte nó ar shaoráid trádála iltaobhach mar a shainmhínítear i bpointe (21) agus i bpointe (22) d'Airteagal 4 de Threoir 2014/65/AE, i mBallstát amháin nó níos mó ⁶ .
Scairsealbhóir	ciallaíonn sé duine ar leis nó léi scaireanna i ngnólacht infheistíochta nó, ag brath ar fhoirm dlí gnólachta infheistíochta, aon úinéirí eile nó comhaltaí eile den ghnólacht infheistíochta.
Stiúirthóireacht	ciallaíonn sé post mar chomhalta de chomhlacht bainistíochta gnólacht infheistíochta nó eintitis dhlítheanaigh eile.

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

16. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ón 30 Aibreán 2022.

⁵ Féach freisin ar RTS maidir le comhdhlúthú gnólachtaí infheistíochta faoi Threoir (AE) 2019/2034

⁶ Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, Ich. 349)

4. Treoirlínte

Teideal I – comhréireacht

17. Nuair a bheidh na treoirlínte seo á gcur i bhfeidhm, ba cheart d'údaráis inniúla agus do ghnólachtaí infheistíochta aird a thabhairt ar phrionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 26(3) de Threoir (AE) 2019/2034 agus a shonraítear tuilleadh i dTeideal I de na treoirlínte sin d'fhonn a áirithiú go bhfuil na socruithe inmheánacha rialachais arna mbunú ag gnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear i gcomhthéacs grúpaí gnólachtaí infheistíochta, comhsheasmhach le próifíl riosca aonair an ghnólachta agus an ghrúpa, i gcomhréir lena méid agus lena n-eagrú inmheánach, ábhartha dá samhail ghnó, oiriúnach do chineál, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí agus leordhóthanach chun cuspóirí ábhartha na gceanglas agus na bhforálacha rialála ábhartha a chomhlíonadh.
18. Chun críocha na míre roimhe seo, ba cheart aird a thabhairt ar éagsúlacht na samhlacha gnó faoina bhfeidhmíonn gnólachtaí infheistíochta agus grúpaí gnólachtaí infheistíochta, go táscach mar chomhairleoirí infheistíochta, bainisteoirí punainne, ionaid trádála, taisceánaigh, bróicéirí forfheidhmiúcháin nó mórdhíola, gnólachtaí trádála, agus grúpaí eile nach iad. Dá réir sin, chun go measfar go bhfuil na socruithe inmheánacha rialachais comhsheasmhach le próifíl riosca aonair an ghnólachta agus an ghrúpa, i gcomhréir lena méid agus lena n-eagrúchán inmheánach, ábhartha dá samhail ghnó, oiriúnach do chineál, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí agus leordhóthanach chun cuspóirí na gceanglas agus na bhforálacha rialála ábhartha a bhaint amach go héifeachtach, ba cheart a áirithiú go mbeadh socruithe rialachais níos sofaisticiúla ag gnólachtaí infheistíochta ag a bhfuil eagraíocht níos casta nó atá ar scála níos mó, agus féadfaidh gnólachtaí infheistíochta ag a bhfuil eagraíocht níos simplí nó atá ar scála níos lú socruithe rialachais níos simplí a chur chun feidhme. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil méid ná tábhacht shistéamach gnólachta infheistíochta, ann féin, ina léiriú ar a mhéad atá gnólacht infheistíochta neamhchosanta ar rioscaí.
19. I gcás ina ndéantar prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 26(3) de Threoir (AE) 2019/2034 agus a shonraítear tuilleadh i mír 20 de na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm, ba cheart do na húdaráis inniúla agus do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú nach mbeidh de thoradh ar chur i bhfeidhm den sórt sin go dtarscaoilfear na ceanglais rialála le haghaidh gnólachtaí infheistíochta nó go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach a chiallaíonn nach bhfuil socruithe daingne rialachais, struchtúr soiléir eagraíochtúil, sásraí leordhóthanacha um rialú inmheánach, bainistiú riosca fóna agus éifeachtach agus beartais luacha saothair iomchuí á n-áirithiú.
20. Chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus chun cur chun feidhme iomchuí na gceanglas rialála agus na dtreoirlínte sin a áirithiú, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis inniúla na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh:

- a. méid chlár comhardaithe an ghnólachta infheistíochta agus a fhochuideachtaí laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta;
- b. cibé acu atá nó nach bhfuil luach sócmhainní an ghnólachta infheistíochta laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, ar an meán, cothrom le nó níos lú ná EUR 100 milliún thar an tréimhse ceithre bliana díreach roimh an mbliain airgeadais áirithe i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 32(4) de Threoir (AE) 2019/2034;
- c. na sócmhainní faoi bhainistíocht;
- d. cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta údaraithe chun airgead nó sócmhainní cliant a shealbhú;
- e. na sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar;
- f. méid na n-orduithe cliant arna láimhseáil;
- g. méid na sreafaí trádála laethúla;
- h. láithreacht gheografach an ghnólachta infheistíochta agus méid a oibríochtaí i ngach dlínse, lena n-áirítear i ndlínsí tríú tír;
- i. foirm dlí an ghnólachta infheistíochta, lena n-áirítear cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta páirteach i ngrúpa agus, má tá, an measúnú comhréireachta le haghaidh an ghrúpa;
- j. cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta liostaithe;
- k. cibé acu atá nó nach bhfuil an gnólacht infheistíochta údaraithe chun úsáid a bhaint as samhlacha inmheánacha chun ceanglais chaipitil a thomhas (e.g. an Cur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha);
- l. cineál na ngníomhaíochtaí údaraithe, na seirbhísí a chuireann an gnólacht infheistíochta i gcrích (e.g. Roinn A agus Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE) agus seirbhísí eile (e.g. seirbhísí imréitigh) a chuireann an gnólacht infheistíochta i gcrích;
- m. an tsamhail agus straitéis gnó foluiteach; cineál agus castacht na ngníomhaíochtaí gnó, agus struchtúr eagraíochtúil an ghnólachta infheistíochta;
- n. straitéis riosca, inghlacthacht riosca agus próifíl riosca iarbhír an ghnólachta infheistíochta, agus toradh na measúnuithe ar chaipiteal SREP agus ar leachtacht SREP a chur san áireamh freisin;
- o. struchtúr úinéireachta agus maoinithe an ghnólachta infheistíochta;

- p. an cineál cliant;
 - q. castacht na n-ionstraimí airgeadais nó na gconarthaí airgeadais;
 - r. na feidhmeanna agus bealaí dáileacháin seachfhoinsithe; agus
 - s. na córais teicneolaíochta faisnéise (TF) atá ann cheana féin, lena n-áirítear córais leanúnachais ghnó agus feidhmeanna seachfhoinsithe sa réimse seo.
21. Maidir le gnólachtaí infheistíochta ar daoine dlítheanacha iad arna mbainistiú ag duine nádúrtha aonair, ba cheart go mbeadh socruithe malartacha i bhfeidhm acu lena n-áiríteofar bainistiú fóna agus stuama na ngnólachtaí infheistíochta sin agus lena n-áiríteofar go ndéanfar breithniú leordhóthanach ar shocruithe rialachais inmheánaigh.

Teideal II – ról agus comhdhéanamh an chomhlachta bainistíochta agus na gcoistí

1 Ról agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta

22. Ní mór don chomhlacht bainistíochta freagracht deiridh agus fhoriomlán a ghlacadh as an ngnólacht infheistíochta agus na socruithe rialachais dá dtagraítear go háirithe faoi Airteagal 26, Airteagal 28 agus Airteagal 29 de Threoir (AE) 2019/2034 a shainmhíniú, a mhaoirsiú agus glacadh le cuntasacht as cur chun feidhme na socruithe rialachais sin, laistigh den ghnólacht infheistíochta a áirithíonn bainistiú éifeachtach agus stuama an ghnólachta infheistíochta.
23. Ba cheart dualgais an chomhlachta bainistíochta a shainmhíniú go soiléir, agus idirdhealú a dhéanamh idir dualgais na feidhme bainistíochta (feidhmiúcháin) agus dualgais na feidhme maoirseachta (neamhfheidhmiúcháin). Ba cheart cur síos a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar dhualgais an chomhlachta bainistíochta i ndoiciméad scríofa agus ba cheart don chomhlacht bainistíochta an doiciméad sin a fhorghnó go cuí. Ba cheart do chomhaltaí uile an chomhlachta bainistíochta a bheith láneolach ar struchtúr agus ar fhreagrachtaí an chomhlachta bainistíochta, agus ar roinnt cúraimí idir feidhmeanna difriúla an chomhlachta bainistíochta agus a choistí, i gcás inarb iomchuí.
24. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil a fheidhm maoirseachta agus a fheidhm bhainistíochta ag idirghníomhú go héifeachtach. Ba cheart go soláthródh an dá fheidhm dóthain faisnéise dá chéile chun cur ar a gcumas a ról faoi seach a chomhlíonadh. D'fhonn seiceálacha agus ceartúcháin iomchuí a chur i bhfeidhm, níor cheart do chomhalta aonair ná d'fhothacar beag dá chomhaltaí a bheith freagrach as cinnteoireacht laistigh den chomhlacht bainistíochta.
25. Gan dochar do na cúraimí agus freagrachtaí a shanntar don chomhlacht bainistíochta faoi Threoir (AE) 2014/65, ba cheart go n-áireofaí i measc fhreagrachtaí an chomhlachta bainistíochta cur chun feidhme na nithe seo a leanas a shocrú, a fhorghnó agus a mhaoirsiú:

- a. an straitéis fhoriomlán ghnó agus príomhbheartais an ghnólachta infheistíochta laistigh den chreat dlíthiúil agus rialála is infheidhme, agus leas airgeadais fadtéarmach agus sócmhainneacht fhadtéarmach an ghnólachta infheistíochta á gcur san áireamh;
- b. an straitéis riosca fhoriomlán, lena n-áirítear inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta agus a chreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha, agus an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus timthriall gnó an ghnólachta infheistíochta á gcur san áireamh agus bearta lena áirithiú go gcaithfidh an comhlacht bainistíochta dóthain ama ag díriú ar shaincheistanna a bhaineann le bainistíocht riosca; rialachas inmheánach agus creat rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus éifeachtach lena n-áirítear struchtúr eagraíochtúil soiléir agus sásraí rialaithe inmheánaigh dea-fheidhmiúla. Ba cheart feidhm chomhlíonta bhuan agus éifeachtach a áireamh sna sásraí sin agus, i gcás inarb iomchuí agus comhréireach i gcomhréir le Teideal I, tá stádas leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha ag feidhmeanna bainistíochta riosca inmheánacha agus ag feidhmeanna iniúcháireachta inmheánaí chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách, agus comhlíonadh leis na ceanglais rialála is infheidhme a áirithiú i gcomhthéacs sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc; agus spriocanna freisin le haghaidh bhainistiú leachtachta an ghnólachta infheistíochta;
- c. beartas luacha saothair atá i gcomhréir leis na príonsabail luacha saothair a leagtar amach in Airteagal 26 agus in Airteagal 30 go hAirteagal 33 de Threoir (AE) 2019/2034 agus treoirlínte ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhóna faoi Threoir (AE) 2019/2034⁷;
- d. socruithe arb é is aidhm leo a áirithiú go ndéantar measúnuithe oiriúnachta aonair agus comhchoiteanna an chomhlachta bainistíochta go héifeachtach, go bhfuil comhdhéanamh agus pleanáil comharbais an chomhlachta bainistíochta iomchuí, agus go gcomhlíonann an comhlacht bainistíochta a fheidhmeanna go héifeachtach⁸;
- e. próiseas roghnúcháin agus measúnaithe oiriúnachta le haghaidh sealbhóirí eochairfheidhmeanna⁹;
- f. socruithe arb é is aidhm leo feidhmiú inmheánach gach coiste den chomhlacht bainistíochta a áirithiú, i gcás ina mbunaítear iad, ina sonraítear an méid seo a leanas:
 - i. ról, comhdhéanamh agus cúraimí gach ceann acu;
 - ii. sreafaí faisnéise iomchuí, lena n-áirítear doiciméadú moltaí agus conclúidí, agus línte tuairiscithe idir gach coiste agus an comhlacht bainistíochta, údaráis inniúla agus páirtithe eile;

⁷ Treoirlínte ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhóna faoi IFD

⁸ Féach freisin ar threoirlínte comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir le hoiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí eochairfheidhmeanna a mheas.

⁹ Féach freisin ar threoirlínte comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir le hoiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí eochairfheidhmeanna a mheas.

- g. cultúr riosca i gcomhréir le Roinn 8 de na treoirlínite sin a thugann aghaidh ar fheasacht riosca agus iompar dul i riosca an ghnólachta infheistíochta;
 - h. cultúr corparáideach agus luachanna i gcomhréir le Roinn 9 lena gcothaítear iompar freagrach agus eiticiúil, lena n-áirítear cód iompair nó ionstraim dá shamhail;
 - i. beartas um choinbhleacht leasa ag leibhéal an ghnólachta infheistíochta i gcomhréir le Roinn 10; agus don fhoireann i gcomhréir le Roinn 11; agus
 - j. socruithe a bhfuil sé mar aidhm leo sláine na gcóras cuntasáíochta agus tuairiscithe airgeadais a áirithiú, lena n-áirítear rialuithe airgeadais agus oibriúcháin agus comhlíonadh an dlí agus na gcaighdeán ábhartha.
26. Agus cur chun feidhme na ngnéithe a liostaítear i mír 25 á chur ar bun, á fhorghas agus á mhaoirsiú aige, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an gcomhlacht bainistíochta samhail ghnó agus socruithe rialachais a áirithiú – lena n-áirítear creat bainistíochta riosca – ina gcuirtear san áireamh na rioscaí a bhfuil gnólachtaí infheistíochta neamhchosanta orthu nó a bhféadfaidís a bheith neamhchosanta orthu nó na rioscaí a bhaineann leo nó a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo do ghnólachtaí eile¹⁰. Agus na rioscaí go léir á gcur san áireamh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na fachtóirí riosca ábhartha uile a chur san áireamh, lena n-áirítear fachtóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a mheas go bhféadadh na gnólachtaí infheistíochta sin a rioscaí stuamachta a spreagadh¹¹. Áirítear i measc fachtóirí riosca ESG den sórt sin, e.g. rioscaí dlíthiúla i réimse dhlí an chonartha nó dhlí an tsaothair, rioscaí a bhaineann le sáruithe féideartha ar chearta an duine nó fachtóirí riosca ESG eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don tír ina bhfuil soláthraí seirbhíse lonnaithe agus a chumas na leibhéil seirbhíse a comhaontaíodh a sholáthar.
27. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas nochta agus cumarsáide le geallsealbhóirí seachtracha agus le húdaráis inniúla.
28. Ba cheart gach comhalta den chomhlacht bainistíochta a chur ar an eolas faoi ghníomhaíocht fhoriomlán, staid airgeadais agus riosca an ghnólachta infheistíochta, agus an timpeallacht eacnamaíoch á cur san áireamh, agus faoi aon chinntí a dhéantar a bhfuil tionchar suntasach acu ar ghnó an ghnólachta infheistíochta.
29. Féadfaidh comhalta den chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as feidhm rialaithe inmheánaigh dá dtagraítear i dTeideal V, Roinn 18.1, ar choinníoll nach bhfuil sainorduithe eile ag an gcomhalta a chuirfeadh as do ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh an chomhalta agus do neamhspleáchas na feidhme rialaithe inmheánaigh.

¹⁰ Féach Airteagal 26 de Threoir (AE) 2019/2034.

¹¹ Féach páipéar plé ÚBE maidir le bainistiú riosca ESG agus maoirseacht ESG arna fhoilsiú faoin Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil Airt. 98(8)) le haghaidh cur síos ar an tuiscint atá ag ÚBE ar rioscaí ESG, ar bhealaí tarchuir agus ar mholtaí le haghaidh socruithe, próiseas, sásraí agus straitéisí atá le cur chun feidhme ag institiúidí chun rioscaí ESG a shainaithe, a mheasúnú agus a bhainistiú.

30. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta faireachán a dhéanamh, go tréimhsiúil, ar aon laigí arna sainaitint maidir le cur chun feidhme na bpróiseas, straitéisí agus beartas a bhaineann leis na freagrachtaí a liostaítear i mír 25 agus i mír 26 agus ba cheart dó déileáil leis na laigí sin. Ba cheart an creat rialachais inmheánaigh agus a chur chun feidhme a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn tréimhsiúil, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh, mar a mhínítear a thuilleadh i dTeideal I. Ba cheart athbhreithniú níos doimhne a dhéanamh i gcás ina ndéanfaidh athruithe ábhartha difear don ghnólacht infheistíochta.
31. I gcás inar daoine dlítheanacha iad na gnólachtaí infheistíochta atá á mbainistiú ag duine nádúrtha aonair i gcomhréir lena rialacha bunaithe agus lena ndlíthe náisiúnta, ba cheart na tagairtí sna treoirlínte sin do chomhlacht bainistíochta a fhorléiriú mar thagairtí a bhfuil feidhm acu maidir leis an duine aonair atá freagrach as socruithe malartacha a chur chun feidhme chun bainistíocht fhónta agus stuama an ghnólachta infheistíochta sin a áirithiú agus chun aird leordhóthanach a thabhairt ar shocruithe rialachais inmheánaigh.

2 Feidhm bhainistíochta an chomhlachta bainistíochta

32. Mar chuid dá fheidhm bhainistíochta, ba cheart don chomhlacht bainistíochta páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnó an ghnólachta infheistíochta agus cinntí a dhéanamh ar bhonn fónta agus eolasach.
33. Ina fheidhm bhainistíochta, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as na straitéisí arna leagan amach ag an gcomhlacht bainistíochta a chur chun feidhme agus ba cheart cur chun feidhme agus oiriúnacht na straitéisí sin a phlé go rialta leis an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta. Féadfaidh bainistiú an ghnólachta infheistíochta an cur chun feidhme oibríochtúil a dhéanamh.
34. Ina fheidhm bhainistíochta, ba cheart don chomhlacht bainistíochta dúshlán cuiditheach a thabhairt do na tairiscintí, na mínithe agus an fhaisnéis a fhaightear agus a bhreithiúnas á fheidmiú aige agus é ag déanamh cinntí agus cinntí á ndéanamh aige, mar aon le hathbhreithniú criticiúil a dhéanamh. Ina fheidhm bhainistíochta, ba cheart don chomhlacht bainistíochta tuairisc chuimsitheach a thabhairt don chomhlacht bainistíochta, agus é a chur ar an eolas go rialta agus i gcás inar gá gan moill mhíchúí, maidir leis na gnéithe ábhartha chun staid a mheasúnú, maidir leis na rioscaí agus na forbairtí a dhéanann difear don ghnólacht infheistíochta nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dó, e.g. cinntí ábhartha a rinneadh maidir le gníomhaíochtaí gnó agus rioscaí, meastóireacht ar thimpeallacht eacnamaíoch agus gnó an ghnólachta infheistíochta, leachtacht agus bonn caipitil fónta, agus measúnú a dhéanamh ar a neamhchosaintí ábhartha riosca.
35. Gan dochar do thrasú náisiúnta Threoir (AE) 2015/849 maidir leis an Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid (AML), ba cheart don chomhlacht bainistíochta duine dá chomhaltaí a shainaitint i gcomhréir leis na ceanglais faoi Airteagal 46(4) de Threoir (AE) 2015/849 le bheith freagrach as cur chun feidhme na ndlíthe, na rialachán agus na bhforálacha riaracháin

is gá chun an treoir seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear na beartais agus na nósanna imeachta comhfhreagracha AML/CFT san institiúid agus ag leibhéal an chomhlachta bainistíochta.

3 Feidhm mhaoirseachta an chomhlachta bainistíochta

36. Ba cheart go n-áireofaí i ról chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta faireachán a dhéanamh ar straitéis an ghnólachta infheistíochta agus a dúshlán a thabhairt ar bhealach cuiditheach.
37. Gan dochar don dlí náisiúnta, ba cheart go gcuirfeadh an comhlacht bainistíochta san áireamh, ina fheidhm mhaoirseachta, comhaltaí neamhspleácha mar a fhoráiltear i Roinn 9.3 de threoirlínte comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí eochairfeidhmeanna faoi Threoir (AE) 2013/36 agus faoi Threoir (AE) 2014/65.
38. Gan dochar do na freagrachtaí a shanntar faoin dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cuideachtaí, ba cheart don chomhlacht bainistíochta, ina fheidhm mhaoirseachta:
 - a. maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht agus ar ghníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta, lena n-áirítear faireachán agus grinnscrúdú a dhéanamh ar a fheidhmíocht aonair agus chomhchoiteann agus ar chur chun feidhme straitéis agus chuspóirí an ghnólachta infheistíochta;
 - b. dúshlán cuiditheach agus athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar thograí agus ar fhaisnéis arna soláthar ag comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta, chomh maith lena chinntí;
 - c. comhlíonfaidh sé go hiomchuí dualgais agus ról an choiste riosca agus an choiste luacha saothair, i gcás nár bunaíodh a leithéid sin de choistí;
 - d. éifeachtacht chreat rialachais inmheánaigh an ghnólachta infheistíochta a áirithiú agus a mheasúnú ar bhonn tréimhsiúil agus céimeanna iomchuí a ghlacadh chun déileáil le haon easnaimh a shainaitheofar;
 - e. maoirseacht agus faireachán a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go bhfuil cuspóirí straitéiseacha, struchtúr eagraíochtúil agus straitéis riosca an ghnólachta infheistíochta, a chreat inghlacthachta riosca agus bainistíochta riosca, mar aon le beartais eile (e.g. beartas luacha saothair) agus an creat nochta á gcur chun feidhme go comhsheasmhach;
 - f. faireachán a dhéanamh d'fhonn a áirithiú go bhfuil cultúr riosca an ghnólachta infheistíochta á chur chun feidhme go comhsheasmhach;

- g. maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar mhaoirseacht cóid iompair nó cóid dá shamhail agus ar bheartais éifeachtacha chun coinbhleachtaí leasa iarbhír agus féideartha a shainaithe, a bhainistiú agus a mhaolú;
- h. maoirseacht a dhéanamh ar shláine na faisnéise agus an tuairiscithe airgeadais, agus ar an gcreat rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear creat bainistíochta riosca atá éifeachtach agus fónta;
- i. a áirithiú go mbeidh cinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh in ann gníomhú go neamhspleách agus, beag beann ar an bhfreagracht tuairisciú do chomhlachtaí inmheánacha eile, línte gnó nó aonaid, gur féidir leo aird a tharraingt ar ábhair inmí agus rabhadh a thabhairt go díreach don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta, i gcás inar gá, i gcás ina bhfuil tionchar ag forbairtí díobhálacha riosca ar an ngnólacht infheistíochta nó i gcás ina bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an ngnólacht infheistíochta; agus
- j. faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean iniúchóireachta inmheánaí tar éis don choiste riosca a bheith rannpháirteach roimhe sin, i gcás ina bhfuil a leithéid bunaithe.

4 Ról chathaoirleach an chomhlachta bainistíochta

- 39. Ba cheart do chathaoirleach an chomhlachta bainistíochta a bheith i gceannas ar an gcomhlacht bainistíochta, cabhrú le sreabhadh éifeachtúil faisnéise laistigh den chomhlacht bainistíochta agus idir an comhlacht bainistíochta agus a choistí, i gcás ina mbunófar a leithéid, agus ba cheart dó a bheith freagrach as feidhmiú éifeachtach foriomlán an chomhlachta sin.
- 40. Ba cheart don chathaoirleach plé oscailte agus criticiúil a spreagadh agus a chur chun cinn agus a áirithiú gur féidir tuairimí easaontacha a chur in iúl agus a phlé laistigh den phróiseas cinnteoireachta.
- 41. I gcás ina gceadaítear don chathaoirleach dul i mbun dualgas feidhmiúcháin, ba cheart bearta a bheith i bhfeidhm ag an ngnólacht infheistíochta chun aon tionchar díobhálach ar sheiceálacha agus ar iarmhéideanna an ghnólachta infheistíochta a mhaolú (e.g. trí phríomhchomhalta boird nó comhalta sinsearach neamhspleách ar an mbord a ainmniú, nó trí líon níos mó comhaltaí neamhfheidhmiúcháin a bheith acu laistigh den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta). Ní mór do chathaoirleach an chomhlachta bainistíochta i mbun a fheidhme maoirseachta ag gnólacht infheistíochta a chinntiú nach bhfuil feidhmeanna POF laistigh den ghnólacht infheistíochta céanna á bhfeidhmiú go comhuaineach, ach amháin sa chás go dtugann an ghnólacht infheistíochta le fios go bhfuil údar leis agus má údaraíonn na húdaráis inniúla é.
- 42. Ba cheart don chathaoirleach cláir oibre na gcruinnithe a shocrú agus a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna straitéiseacha a phlé mar thosaíocht. Ba cheart dó nó di a áirithiú go ndéantar

cinntí an chomhlachta bainistíochta ar bhonn fónta agus eolasach agus go bhfaightear doiciméid agus faisnéis in am roimh an gcruinniú.

43. Ba cheart do chathaoirleach an chomhlachta bainistíochta cabhrú le dualgais a leithdháileadh go soiléir idir comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus le sreabhadh éifeachtúil faisnéise eatarthu a áirithiú ionas gur féidir le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta cur ar bhealach cuiditheach leis an bplé agus a vótaí a chaitheamh ar bhonn fónta agus eolasach.

5 Coistí an chomhlachta bainistíochta i mbun a fheidhme maoirseachta

5.1 Coistí a chur ar bun

44. I gcomhréir le hAirteagal 28 de IFD agus mura sonraítear a mhalairt sa dlí náisiúnta,¹² ní mór do ghnólachtaí infheistíochta, i gcás ina bhfuil luach a sócmhainní laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe níos mó ná EUR 100 milliún ar an meán thar an tréimhse ceithre bliana díreach roimh an mbliain airgeadais áirithe sin, coistí riosca agus luacha saothair a bhunú chun comhairle a chur ar an gcomhlacht bainistíochta maidir lena fheidhm mhaoirseachta agus chun cinntí a bheidh le déanamh ag an gcomhlacht sin a ullmhú.
45. Sa chás nach mbunaítear aon choiste riosca, ba cheart na tagairtí sna treoirlínte seo don choiste sin a fhorléiriú mar thagairtí don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta.
46. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta, agus na critéir a leagtar amach i dTeideal I de na treoirlínte sin á gcur san áireamh, coistí eile a bhunú (e.g. frithsciúradh airgid/cistiú frithsceimhlitheoireachta (AML/CTF), coistí eitice, iompair agus um chomhlíonadh).
47. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta leithdháileadh soiléir na ndualgas agus na gcúraimí idir coistí speisialaithe an chomhlachta bainistíochta a áirithiú. Ba cheart go mbeadh sainordú doiciméadaithe ag gach coiste, lena n-áirítear raon feidhme a fhreagrachtaí, ón gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus ba cheart nósanna imeachta oibre iomchuí a bhunú.
48. Ba cheart do na coistí tacú leis an bhfeidhm mhaoirseachta i réimsí sonracha agus forbairt agus cur chun feidhme creata rialachais inmheánaigh fhónta a éascú. Níor cheart, trí tharmhligean a dhéanamh chuig coistí, an comhlacht bainistíochta a scaoileadh ina fheidhm mhaoirseachta óna dualgais agus ón a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go comhphárteach.

¹² Ceanglaíonn Airteagal 28 de Threoir (AE) 2019/2034 ar ghnólachtaí infheistíochta nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 32(4), coiste riosca a bhunú ina mbeidh comhaltaí den chomhlacht bainistíochta nach ndéanann aon fheidhm feidhmiúcháin sa ghnólacht infheistíochta lena mbaineann.

5.2 Comhdhéanamh na gcoistí¹³

49. Ba cheart go mbeadh gach coiste faoi chathaoirleacht comhalta neamhfheidhmiúcháin den chomhlacht bainistíochta a bheidh in ann breithiúnas oibiachtúil a fheidhmiú.
50. Ba cheart go mbeadh comhaltaí neamhspleácha¹⁴ den chomhlacht bainistíochta, ina fheidhm mhaoirseachta, rannpháirteach go gníomhach i gcoistí.
51. I gcás inar gá coistí a bhunú i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/2034 nó leis an dlí náisiúnta, mar phrionsabal ginearálta, ba cheart go mbeidís comhdhéanta de thriúr comhaltaí ar a laghad agus comhalta neamhspleách amháin ar a laghad a bheith ainmnithe, agus na critéir a leagtar amach i dTeideal I de na treoirlínte seo agus treoirlínte comhpháirteacha ÚBE agus ESMA maidir le measúnú ar oiriúnacht comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí eochairfheidhme á gcur san áireamh. I gcás nach bhfuil líon leordhóthanach comhaltaí laistigh den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta chun comhdhéanamh fóna coistí a áirithiú mar a leagtar amach sa roinn seo, féadfar cúraimí an choiste a tharmligean chuig comhalta amháin den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta, agus tacaíonn an fhoireann leis an gcomhalta sin, de réir mar is cuí. Féadfaidh coistí a bheith comhdhéanta den ghrúpa céanna comhaltaí, agus na critéir a leagtar amach i dTeideal I agus líon na gcomhaltaí neamhspleácha den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta á gcur san áireamh, mar aon leis an taithí, an t-eolas agus na scileanna sonracha a theastaíonn ó na coistí ina n-aonar nó i dteannta a chéile. Ba cheart an réasúnaíocht atá mar bhonn le comhdhéanamh na gcoistí a dhoiciméadú.
52. Ba cheart go mbeadh an coiste riosca comhdhéanta de chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den chomhlacht bainistíochta i bhfeidhm mhaoirseachta an ghnólachta infheistíochta lena mbaineann. Ba cheart go mbeadh an coiste luacha saothair comhdhéanta i gcomhréir le Roinn 2.3 de threoirlínte ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhóna¹⁵.
53. Ba cheart do chomhalta neamhspleách cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcoiste riosca, más féidir. Ba cheart go mbeadh eolas, scileanna agus saineolas iomchuí, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, ag comhaltaí an choiste riosca, maidir leis an bpróiseas roghnúcháin agus ceanglais oiriúnachta agus maidir le cleachtais bainistíochta riosca agus cleachtais rialaithe faoi seach. I ngach gnólacht infheistíochta, níor cheart go mbeadh cathaoirleach an choiste riosca, más féidir, ag feidhmiú mar chathaoirleach an chomhlachta bainistíochta ná mar chathaoirleach ar aon choiste eile.

¹³ Ba cheart an roinn seo a léamh i gcomhar le treoirlínte comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí eochairfheidhme faoi Threoir (AE) 2013/36 agus Treoir (AE) 2014/65.

¹⁴ Mar a shainmhínítear i Roinn 9.3 de threoirlínte comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí eochairfheidhme faoi Threoir (AE) 2013/36 agus Treoir (AE) 2014/65

¹⁵ Treoirlínte ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhóna faoi Airteagal 34(3) de Threoir (AE) 2019/2034

5.3 Próisis na gCoistí

54. Ba cheart do choistí tuairisciú go tráthrialta don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta.
55. Ba cheart do choistí idirghníomhú lena chéile de réir mar is iomchuí. Gan dochar do mhír 51, d'fhéadfadh idirghníomhú den sórt sin tarlú i bhfoirm tras-rannpháirtíochta, ionas go bhféadfadh an cathaoirleach nó comhalta den choiste a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de choiste eile freisin.
56. Ba cheart do chomhaltaí na gcoistí páirt a ghlacadh i bplé oscailte agus criticiúil, agus ba cheart tuairimí easaontacha a phlé ar bhealach cuiditheach.
57. Ba cheart do na coistí cláir oibre chruinnithe na gcoistí agus a bpríomhthorthaí agus conclúidí a dhoiciméadú.
58. Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas ar fáil don choiste riosca:
 - a. rochtain ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí ábhartha uile is gá chun a ról a chomhlíonadh, lena n-áirítear faisnéis agus sonraí ó fheidhmeanna ábhartha corparáideacha agus rialaithe (e.g. dlí, airgeadas, acmhainní daonna, TF, iniúchadh inmheánach, riosca agus comhlíonadh, lena n-áirítear faisnéis maidir le comhlíonadh AML/CTF agus faisnéis chomhiomlánaithe maidir le tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha, agus fachtóirí riosca ML/TF);
 - b. tuarascálacha rialta, faisnéis, teachtaireachtaí agus tuairimí ad hoc a fháil ó chinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh maidir le próifíl riosca reatha an ghnólachta infheistíochta, a chultúr riosca agus a theorainneacha riosca, chomh maith le haon sárúithe ábhartha¹⁶ a tharla, agus faisnéis mhionsonraithe agus moltaí maidir le bearta ceartaitheacha a glacadh, a bheidh le déanamh nó le moladh chun déileáil leo; athbhreithniú agus cinneadh a dhéanamh go tráthrialta maidir le hábhar, formáid agus minicíocht na faisnéise maidir leis an riosca a bheidh le tuairisciú dó; agus
 - c. más gá, rannpháirtíocht chuí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus feidhmeanna ábhartha eile (acmhainní daonna, dlí agus airgeadas) a áirithiú ina réimsí saineolais faoi seach agus/nó comhairle ó shaineolaithe seachtracha a lorg.

5.4 Ról an choiste riosca

59. Sa chás go mbunófar a leithéid, ba cheart don choiste riosca an méid seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:

¹⁶ Maidir le sárúithe tromchúiseacha i réimse AML/TF, féach freisin ar na treoirlínte atá le heisiúint faoi Airteagal 117 (6) de Threoir 2013/36/AE, ina sonraítear an modh comhair agus malartaithe faisnéise idir na húdaráis dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, go háirithe i ndáil le grúpaí trasteorann agus i gcomhthéacs sárúithe tromchúiseacha ar rialacha frithsciúrtha airgid a shainaitheint.

- a. comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta maidir lena fheidhm mhaoirseachta i ndáil le straitéis riosca fhoriomlán an ghnólachta infheistíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus i ndáil leis an inghlacthacht riosca atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus cabhrú leis an gcomhlacht bainistíochta a bhfuil maoirseacht á déanamh aige ar chur chun feidhme na straitéise sin, a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir le cuspóirí gnó, cultúr corparáideach agus luachanna an ghnólachta infheistíochta;
 - b. cúnaimh a thabhairt don chomhlacht bainistíochta agus é i mbun a fheidhme maoirseachta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis riosca an ghnólachta infheistíochta agus maidir leis na teorainneacha comhfhreagracha a leagan síos;
 - c. maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéisí maidir le bainistiú caipitil agus leachtachta agus ar gach riosca ábhartha eile de chuid gnólachta infheistíochta, amhail rioscaí do chliaint, rioscaí don mhargadh, rioscaí do ghnólachtaí, riosca oibriúcháin (lena n-áirítear rioscaí dlíthiúla agus TF) agus riosca do chlú d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanacht in aghaidh na straitéise riosca formheasta agus na hinghlacthachta riosca;
 - d. moltaí a sholáthar don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta le haghaidh coigeartuithe riachtanacha ar an straitéis riosca a eascraíonn, inter alia, as athruithe ar shamhail ghnó an ghnólachta infheistíochta, as forbairtí margaidh nó as moltaí arna ndéanamh ag an bhfeidhm bainistíochta riosca;
 - e. comhairle a chur ar fáil maidir le sainchomhairleoirí seachtracha a cheapadh a chinnfidh an fheidhm mhaoirseachta a bheidh le húsáid le haghaidh comhairle nó tacaíochta;
 - f. athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt cásanna a d'fhéadfadh tarlú, lena n-áirítear cásanna i ndálaí anáis, chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a rachadh próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta i ngleic le teagmhais sheachtracha agus inmheánacha;
 - g. maoirseacht a dhéanamh ar an ailíniú idir na hionstraimí agus na seirbhísí airgeadais ábhartha uile a thairgtear do chliaint agus samhail ghnó agus straitéis riosca an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart don choiste riosca, sa chás go mbunaítear a leithéid, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais agus na seirbhísí airgeadais a thairgtear agus ba cheart dó an t-ailíniú idir na praghsanna arna sannadh do na táirgí agus na seirbhísí sin agus na brabúis a gnóthaíodh as na táirgí agus na seirbhísí sin a chur san áireamh; agus
 - h. na moltaí ó iniúchóirí inmheánacha nó seachtracha a mheasúnú agus obair leantach a dhéanamh maidir le cur chun feidhme iomchuí na mbeart a glacadh.
60. Ba cheart don choiste riosca comhoibriú le coistí eile a bhféadfadh tionchar a bheith ag a ngníomhaíochtaí ar an straitéis riosca (e.g. an coiste luacha saothair, sa chás gur ann dá

leithéid) agus cumarsáid a dhéanamh go rialta le feidhmeanna rialaithe inmheánaigh an ghnólachta infheistíochta, go háirithe an fheidhm bainistíochta riosca.

Teideal III – creat rialachais

6 Creat agus struchtúr eagrúcháin

6.1 An creat eagrúcháin

61. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta gnólacht infheistíochta struchtúr eagrúcháin agus oibríochtúil a bheith oiriúnach agus trédhearcach a áirithiú don ghnólacht infheistíochta sin agus ba cheart tuairisc i scríbhinn a bheith aige maidir leis. Ba cheart go mbeadh bainistiú éifeachtach agus stuama an ghnólachta infheistíochta á chur chun cinn agus a léiriú ag an leibhéal aonair agus ag an leibhéal comhdhlúite.
62. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil na hacmhainní iomchuí airgeadais agus daonna ag na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh chomh maith leis na cumhachtaí chun a ról a chomhlíonadh go héifeachtach. Ar a laghad, ba cheart don fheidhm chomhlíonta feidhmiú go neamhspleách, lena n-áirítear cúraimí a leithscaradh go hiomchuí. Ba cheart go mbeadh na línte tuairiscithe agus leithdháileadh freagrachtaí, go háirithe i measc príomhshealbhóirí eochairfheidhmeanna, laistigh den ghnólacht infheistíochta soiléir, deashainithe, comhleanúnach, infheidhmithe agus doiciméadaithe go cuí. Ba cheart an doiciméadacht a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí.
63. Níor cheart go gcuirfeadh struchtúr an ghnólachta infheistíochta bac ar chumas an chomhlachta bainistíochta maoirseacht agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar na rioscaí atá os comhair an ghnólachta infheistíochta nó an ghrúpa ná ar chumas an údaráis inniúil maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar an ngnólacht infheistíochta.
64. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta measúnú a dhéanamh bunaithe ar cibé acu atá nó nach bhfuil tionchar, agus conas, ag athruithe ábhartha ar struchtúr an ghrúpa (e.g. fochuideachtaí, cumaisc agus éadálacha nua a bhunú, díol nó foirceannadh codanna den ghrúpa, nó forbairtí seachtracha), ar fhóntacht chreat eagraíochtúil an ghnólachta infheistíochta. I gcás ina sainnithnítear laigí, ba cheart don chomhlacht bainistíochta aon choigeartuithe is gá a dhéanamh go tapa.

6.2 Bíodh do struchtúr ar eolas agat

65. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith ar an eolas faoi agus tuiscint iomlán a bheith aige ar struchtúr dlíthiúil, eagrúcháin agus oibríochtúil an ghnólachta infheistíochta ('bíodh do struchtúr ar eolas agat') agus ba cheart dó a áirithiú go bhfuil sé i gcomhréir lena straitéis ghnó agus riosca agus lena inghlacthacht riosca agus cumhdaithe faoina chreat bainistíochta riosca

66. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as straitéisí agus beartais fhóna a fhorghnóthas chun struchtúir nua a bhunú. I gcás ina gcruthaíonn gnólacht infheistíochta a lán eintiteas dlíthiúil laistigh dá ghrúpa, níor cheart do líon na n-eintiteas sin agus, go háirithe, líon na n-idirnasca agus na n-idirbheart eatarthu, dúshláin a chruthú do dheardh a rialachais inmheánaigh, ná do bhainistiú ná do mhaoirseacht éifeachtach rioscaí an ghrúpa ina iomláine. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil struchtúr an ghnólachta infheistíochta agus, i gcás inarb infheidhme, struchtúr na struchtúr laistigh de ghrúpa, agus na critéir a shonraítear i Roinn 7 á gcur san áireamh, soiléir, éifeachtúil agus trédhearcach d'fhoireann an ghnólachta infheistíochta, do scairsealbhóirí an ghnólachta infheistíochta agus do gheallsealbhóirí eile agus don údarás inniúil.
67. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta struchtúr an ghnólachta infheistíochta, a éabhlóid agus na teorainneacha a ghabhann leis a threorú agus ba cheart dó a áirithiú go bhfuil bonn cirt leis an struchtúr agus go bhfuil sé éifeachtúil agus nach mbaineann castacht mhíchuí nó mhí-oiriúnach leis.
68. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta máthairghnóthas de chuid an Aontais tuiscint a bheith aige ní hamháin ar struchtúr dlíthiúil, eagrúcháin agus oibríochtúil an ghrúpa, ach ba cheart go mbeidh tuiscint aige freisin ar chuspóir agus ar ghníomhaíochtaí na n-eintiteas difriúil agus ar na naisc agus caidrimh atá eatarthu. Áirítear anseo na rioscaí oibríocháin grúpashonracha agus na neamhchosaintí idirghrúpa a thuiscint mar aon leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid ar chistiú, caipiteal, leachtacht agus próifíl riosca an ghrúpa i ngnáthchúinsí agus i gcúinsí díobhála. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil an máthairghnóthas infheistíochta in ann faisnéis faoin ngrúpa a tháirgeadh go tráthúil maidir le cineál, saintréithe, cairt eagrúcháin, struchtúr úinéireachta agus gnóthaí gach eintitis dhlíthiúil, agus go gcomhlíonfaidh na gnólachtaí infheistíochta laistigh den ghrúpa na ceanglais tuairiscithe maoirseachta ar bhonn aonair agus comhdhlúite.
69. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta máthairghnóthas de chuid an Aontais a áirithiú go bhfaighidh na grúpeintitis éagsúla (lena n-áirítear an máthairghnóthas de chuid an Aontais féin) dóthain faisnéise ionas go mbeidh tuiscint shoiléir acu ar chuspóirí ginearálta, straitéisí agus próifíl riosca an ghrúpa agus ar an gcaoi a bhfuil an grúpeintiteas lena mbaineann leabaithe i struchtúr agus i bhfeidhmiú oibríochtúil an ghrúpa. Ba cheart faisnéis den sórt sin – agus aon athbhreithnithe uirthi – a dhoiciméadú agus a chur ar fáil do na feidhmeanna ábhartha lena mbaineann, lena n-áirítear an comhlacht bainistíochta, línte gnó agus feidhmeanna rialaithe inmheánaigh. Ba cheart do chomhaltaí chomhlacht bainistíochta máthairchuideachta de chuid an Aontais iad féin a choinneáil ar an eolas faoi na rioscaí is cúis le struchtúr an ghrúpa, agus na critéir a shonraítear i Roinn 7 de na treoirlínte a chur san áireamh. Áirítear ann an méid seo a leanas a fháil:
- a. faisnéis faoi thionscnóirí riosca suntasacha;

- b. tuarascálacha rialta ina ndéantar measúnú ar struchtúr foriomlán an ghnólachta infheistíochta agus ina ndéantar meastóireacht ar chomhlíonadh ghníomhaíochtaí eintiteas aonair leis an straitéis ghrúpa fhortheasta; agus
- c. tuarascálacha rialta maidir le hábhair ina gceanglaíonn an creat rialála comhlíonadh ag leibhéal aonair agus ag leibhéal comhdhlúite.

6.3 Struchtúir chasta agus gníomhaíochtaí neamhchaighdeánacha nó neamh-thrédhearcacha

70. Ba cheart go seachnódh gnólachtaí infheistíochta struchtúir chasta agus struchtúir a d'fhéadfadh a bheith neamh-thrédhearcach a bhunú. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta cuntas a dhéanamh ina gcinnteoireacht ar thorthaí measúnú riosca atá curtha i gcrích lena fháil amach cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí struchtúir den sórt sin a úsáid chun críche a bhaineann le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta nó coireanna airgeadais eile agus na rialuithe agus an creat dlíthiúil faoi seach atá i bhfeidhm¹⁷. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na nithe seo a leanas, ar a laghad, a chur san áireamh:

- a. a mhéid a chomhlíonann an dlínse ina mbunófar an struchtúr caighdeán AE agus idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht cánach, frith-sciúradh airgid agus cur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta go héifeachtach¹⁸;
- b. a mhéid atá an struchtúr ag feidhmiú mar chuspóir soiléir eacnamaíoch agus dleathach;
- c. a mhéid a d'fhéadfaí an struchtúr a úsáid chun céannacht an úinéara thairbhiúil deiridh a cheilt;
- d. a mhéid a eascraíonn imní as iarraidh an chustaiméara go bhféadfaí struchtúr a bhunú mar thoradh air;
- e. cibé acu an gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh an struchtúr bac ar mhaoirseacht iomchuí á déanamh ag comhlacht bainistíochta an ghnólachta infheistíochta nó ar chumas an ghnólachta infheistíochta an riosca gaolmhar a bhainistiú; agus

¹⁷ Chun tuilleadh sonraí a fháil faoin measúnú ar riosca tíre agus faoin riosca a bhaineann le táirgí agus custaiméirí aonair, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta tagairt a dhéanamh freisin do na treoirlínte comhpháirteacha maidir le fachtóirí riosca ML/TF (ÚBE GL JC/2017/37) atá á n-athbhreithniú faoi láthair.

¹⁸ Féach freisin Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/758 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeán theicniúla rialála le haghaidh na híosghníomhaíochta agus an cineál beart breise nach mór d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a dhéanamh chun an riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta i dtríú tíortha áirithe a mhaolú: <https://eba.europa.eu/regulation-and-policy/anti-money-laundering-and-e-money/rts-on-the-implementation-of-group-wide-aml/cft-policies-in-third-countries>

- f. cibé acu an gcruthaíonn nó nach gcruthaíonn an struchtúr bacainní ar mhaoirseacht éifeachtach a bheith á déanamh ag údaráis inniúla.
71. I gcás ar bith, níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta struchtúir theimhneacha nó ró-chasta a bhunú nach bhfuil aon réasúnaíocht eacnamaíoch shoiléir ná aon chuspóir dlíthiúil acu, ná struchtúir a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis imní go bhféadfaí iad sin a chruthú chun críche a bhaineann le coireacht airgeadais.
72. Nuair a bhíonn struchtúir den sórt sin á mbunú, ba cheart don chomhlacht bainistíochta na struchtúir sin a thuiscint mar aon leis an gcuspóir atá leo agus na rioscaí ar leith a bhaineann leo agus ba cheart dó a áirithiú go mbeidh na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh rannpháirteach go hiomchuí. Níor cheart struchtúir den sórt sin a fhorghas agus a chothabháil ach amháin nuair a bheidh a gcuspóir sainithe agus intuigthe go soiléir, agus nuair atá an comhlacht bainistíochta sásta gur sainaithníodh na rioscaí ábhartha uile, lena n-áirítear rioscaí do chlú, gur féidir na rioscaí go léir a bhainistiú go héifeachtach agus a thuairisciú go hiomchuí, agus gur áirithíodh maoirseacht éifeachtach. Dá chasta agus dá theimhní atá an struchtúr eagrúcháin agus oibríochtúil, is ea is mó na rioscaí, agus sa chomhthéacs seo ba cheart go mbeadh maoirseacht níos déine á déanamh ar an struchtúr.
73. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a gcinntí a dhoiciméadú agus a bheith in ann bonn cirt maidir lena gcinntí a chur ar fáil d'údaráis inniúla.
74. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go ndéantar bearta iomchuí chun rioscaí gníomhaíochtaí laistigh de struchtúir den chineál sin a sheachaint nó a mhaolú. Áirítear leis sin an méid seo a leanas a áirithiú:
- go bhfuil beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha agus próisis dhoiciméadaithe (e.g. teorainneacha agus sreafaí faisnéise is infheidhme) i bhfeidhm ag an ngnólacht infheistíochta maidir le breithniú, comhlíonadh, formheas agus bainistiú riosca na ngníomhaíochtaí sin, agus go bhfuil na hiarmhairtí do struchtúr eagraíochtúil agus oibríochtúil an ghrúpa, a phróifíl riosca agus a riosca clú á gcur san áireamh;
 - go mbeidh rochtain ag máthairghnóthas an Aontais agus ag iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar fhaisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin agus leis na rioscaí a bhaineann leo agus go dtuairisceofar an fhaisnéis sin don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus don údarás inniúil a dheonaigh an t-údarú; agus
 - déanann an gnólacht infheistíochta measúnú tréimhsiúil ar an ngá leanúnach atá le struchtúir den sórt sin a chothabháil.
75. Ba cheart go mbeadh na struchtúir agus na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear a gcomhlíontacht le reachtaíocht agus caighdeáin ghairmiúla, faoi réir athbhreithniú rialta. Sa

chás go mbunaítear feidhm iniúchóireachta inmheánaí, ba cheart don fheidhm sin an t-athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige rioscabhunaithe.

76. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta bearta éifeachtacha bainistíochta riosca a dhéanamh i gcás ina ndéanann siad gníomhaíochtaí neamhchaighdeánacha nó neamh-thrédhearcacha do chliant (e.g. cabhrú le cliant feithiclí a bhunú i ndlínsí amach ón gcósta, struchtúir chasta a fhorbairt, idirbhearta a éascú dóibh nó seirbhísí iontaobhaí a sholáthar) lena mbaineann dúshlán chomhchosúla maidir le rialachas inmheánach agus a chruthaíonn rioscaí suntasacha oibríochtúla agus clú. Go háirithe, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta anailís a dhéanamh ar an gcúis ar mian le cliant struchtúr ar leith a bhunú.

7 Creat eagrúcháin i gcomhthéacs grúpa

77. I gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir (AE) 2019/2034 agus le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033, agus mura gcuireann na húdaráis inniúla Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/2033 i bhfeidhm, ba cheart do mháthairghnóthais an Aontais agus a bhfochuideachtaí atá faoi réir Threoir (AE) 2019/2034 a áirithiú go bhfuil na socruithe, próisis agus sásraí rialachais comhsheasmhach agus comhtháite ar bhonn comhdhlúite. Chuige sin, ba cheart do ghnóthais agus d'fhochuideachtaí a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta socruithe, próisis agus sásraí den sórt sin a chur chun feidhme ina bhfochuideachtaí nach bhfuil faoi réir Threoir (AE) 2019/2034, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe i dtríú tíortha lena n-áirítear in ionaid airgeadais amach ón gcósta – chun socruithe daingne rialachais a áirithiú ar bhonn comhdhlúite. Ba cheart d'fheidhmeanna inniúla laistigh den mháthairghnóthas de chuid an Aontais agus dá fhochuideachtaí sonraí agus faisnéis a idirghníomhú agus a mhalartú de réir mar is iomchuí. Ba cheart a áirithiú leis na socruithe, próisis agus sásraí rialachais go bhfuil a dhóthain sonraí agus faisnéise ag máthairghnóthas de chuid an Aontais agus go bhfuil sé in ann measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca an ghrúpa mar a shonraítear i Roinn 6.2.
78. Ba cheart do chomhlacht bainistíochta fochuideachta atá faoi réir Threoir (AE) 2019/2034 na beartais rialachais ghrúpa arna mbunú ag an leibhéal comhdhlúite a ghlacadh agus a chur chun feidhme ag an leibhéal aonair, ar bhealach a chomhlíonann na ceanglais shonracha uile faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.
79. Ag an leibhéal comhdhlúite, ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais a áirithiú go gcloíonn gach gnólacht infheistíochta agus eintiteas eile laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta leis na beartais rialachais ghrúpa agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh dá dtagraítear i dTeideal V, lena n-áirítear a fochuideachtaí nach bhfuil faoi réir Threoir (AE) 2019/2034. Nuair a bhíonn beartais rialachais á gcur chun feidhme aige, ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais a áirithiú go bhfuil socruithe rialachais láidre i bhfeidhm le haghaidh gach fochuideachta agus ba cheart machnamh a dhéanamh ar shocruithe, próisis agus sásraí sonracha sa chás nach bhfuil gníomhaíochtaí gnó eagraithe in eintitis dhlíthiúla ar leithligh ach laistigh de mhaitrís de línte gnó lena gcuimsítear roinnt eintiteas dlíthiúil.

80. Ba cheart do mháthairghnóthas de chuid an Aontais leas a fochuideachtaí uile a mheas, agus an chaoi a gcuireann straitéisí agus beartais le leas gach fochuideachta agus le leas an ghrúpa ina iomláine san fhadtárma.
81. Ba cheart do mháthairghnóthas de chuid an Aontais agus a fochuideachtaí a áirithiú go gcomhlíonann na gnólachtaí infheistíochta agus na heintitis laistigh den ghrúpa na ceanglais rialála sonracha uile in aon dlínse ábhartha.
82. Ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais a áirithiú go mbeidh socruithe, próisis agus sásraí rialachais i bhfeidhm ag fochuideachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha agus a áirítear i raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta agus atá comhsheasmhach le beartais rialachais ghrúpa agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 25 go hAirteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 agus na treoirlínte sin, fad is nach bhfuil sé sin neamhdhleathach faoi dhlíthe an tríú tír.
83. Tá feidhm ag ceanglais rialachais Threoir 2019/2034/AE agus na forálacha sna treoirlínte sin maidir le gnólachtaí infheistíochta atá lonnaithe san AE, neamhspleách ar iad a bheith ina bhfochuideachtaí de mháthairghnóthas i dtríú tír. Sa chás gur máthairghnóthas de chuid an Aontais í fochuideachta AE de chuid máthairghnóthais i dtríú tír, ní áirítear i raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta laistigh den AE leibhéal an mháthairghnóthais infheistíochta atá lonnaithe i dtríú tír agus fochuideachtaí díreacha eile de chuid an mháthairghnóthais sin. Ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais a áirithiú go ndéanfar beartas rialachais ghrúpa an mháthairghnóthais infheistíochta i dtríú tír a chur san áireamh ina bheartas rialachais féin sa mhéid nach mbeidh sé sin ag teacht salach ar na ceanglais a leagtar amach faoi dhlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Treoir (AE) 2019/2034 agus na sonraíochtaí breise faoi na treoirlínte seo.
84. Nuair a bhíonn beartais agus socruithe rialachais á mbunú, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na gnéithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur san áireamh. Cé gur féidir beartais agus doiciméadacht a áireamh i ndoiciméid ar leithligh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a machnamh a dhéanamh ar iad a chur le chéile nó tagairt a dhéanamh dóibh i gcreatdoiciméad rialachais aonair.

Teideal IV – cultúr riosca agus iompar gnó

8 An cultúr riosca

85. Ba cheart go mbeadh cultúr riosca fóna, dícheallach agus comhsheasmhach ina ghné lárnach de bhainistiú éifeachtach riosca gnólachtaí infheistíochta agus ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas gnólachtaí infheistíochta cinntí fóna agus eolasacha a dhéanamh.
86. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta cultúr riosca comhtháite agus infheistíochta a fhorbairt ar fud an ghnólachta infheistíochta, bunaithe ar thuiscint iomlán agus ar dhearcadh iomlánaíoch ar na rioscaí atá os a gcomhair, lena n-áirítear na rioscaí do chliaint, do mhargaí,

an riosca don ghnólacht infheistíochta féin agus na rioscaí leachtachta, go háirithe na rioscaí sin a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ag leibhéal na gcistí dílse atá ar fáil nó ar an leibhéal cistí dílse atá ar fáil agus ar an gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú a ídiú, agus acmhainn riosca agus inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta á gcur san áireamh.

87. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta cultúr riosca a fhorbairt trí bheartais, cumarsáid agus oiliúint foirne maidir le gníomhaíochtaí, straitéis agus próifíl riosca na ngnólachtaí infheistíochta, agus ba cheart dóibh oiliúint cumarsáide agus oiliúint foirne a oiriúnú chun freagrachtaí na gcomhaltaí foirne maidir le dul i riosca agus bainistiú riosca a chur san áireamh.
88. Ba cheart don fhoireann a bheith láneolach ar na freagrachtaí atá orthu maidir le bainistiú riosca. Níor cheart go mbeadh bainistiú riosca teoranta do speisialtóirí riosca ná d'fheidhmeanna rialaithe inmheánaigh. Ba cheart go mbeadh aonaid ghnó, faoi mhaoirseacht an chomhlachta bainistíochta, freagrach go príomha as rioscaí a bhainistiú ó lá go lá i gcomhréir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe an ghnólachta infheistíochta, agus inghlacthacht riosca agus acmhainn riosca an ghnólachta infheistíochta a chur san áireamh.
89. Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh i gcultúr riosca láidir, ach ní gá go mbeidís teoranta dóibh:
 - a. Teachtaireacht ón mbainistíocht shinsearach: ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta freagrach as luachanna agus ionchais bhunúsacha an ghnólachta infheistíochta a shocrú agus a chur in iúl. Ba cheart go léireofaí iompar a chomhaltaí sna luachanna sin. Ba cheart do lucht bainistíochta gnólachtaí infheistíochta, lena n-áirítear sealbhóirí eochairfheidhme, cabhrú le heolas a roinnt go himmheánach i measc na foirne faoi luachanna agus ionchais bhunúsacha. Ba cheart don fhoireann gníomhú i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin uile is infheidhme agus an neamhchomhlíonadh a breathnaíodh a ghéarú go pras laistigh den ghnólacht infheistíochta nó lasmuigh de (e.g. don údarás inniúil trí phróiseas sceithireachta). Ba cheart don chomhlacht bainistíochta, ar bhonn leanúnach, cultúr riosca an ghnólachta infheistíochta a chur chun cinn, faireachán agus measúnú a dhéanamh air, tionchar an chultúir riosca ar chobhsaíocht airgeadais, próifíl riosca agus rialachas láidir an ghnólachta infheistíochta a mheasúnú agus athruithe a dhéanamh nuair is gá.
 - b. Cuntasacht: ba cheart go mbeadh luachanna bunúsacha an ghnólachta infheistíochta ar eolas acu agus go mbeadh tuiscint acu ar luachanna bunúsacha an ghnólachta infheistíochta agus, a mhéid is gá dá ról, a inghlacthacht riosca agus acmhainn riosca. Ba cheart go mbeidís in ann a ról a chur i gcrích agus a thuiscint go mbeidh siad cuntasach as a ngníomhaíochtaí maidir le hiompar dhul i riosca an ghnólachta infheistíochta.
 - c. Cumarsáid éifeachtach agus dúshlán: ba cheart go dtacódh cultúr riosca fóna le timpeallacht de chumarsáid oscailte agus dúshlán éifeachtach a chur chun cinn ina spreagtar raon leathan tuairimí le próisis chinnteoireachta, ina bhféadfar tástáil a dhéanamh ar chleachtais reatha, ina spreagfar dearcadh criticiúil cuiditheach i measc

na foirne agus ina gcuirfear timpeallacht rannpháirtíochta oscailte agus cuidithíchun cinn ar fud na heagraíochta ar fad.

- d. Dreasachtaí: ba cheart go mbeadh ról lárnach ag dreasachtaí iomchuí in iompraíocht dul i riosca a ailíniú le próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus lena leas fadtéarmach¹⁹.

9 Luachanna corparáideacha agus cód iompair

90. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta ardchaighdeán eiticiúla agus ghairmiúla a fhorbairt, glacadh leo, cloí leo agus iad a chur chun cinn, agus riachtanais agus saintréithe sonracha na ngnólachtaí infheistíochta a chur san áireamh, agus ba cheart dó cur chun feidhme na gcaighdeán sin a áirithiú (trí chód iompair nó ionstraim chomhchosúil). Chomh maith leis sin, ba cheart dó maoirseacht a dhéanamh ar a mhéad is atá comhaltaí foirne ag cloí leis na caighdeán sin. I gcás inarb infheidhme, féadfaidh an comhlacht bainistíochta caighdeán ghrúpa an ghnólachta infheistíochta nó caighdeán choiteanna arna n-eisiúint ag comhlachais nó ag eagraíochtaí ábhartha eile a ghlacadh agus a chur chun feidhme.
91. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú nach bhfuil aon idirdhealú ann i leith na gcomhaltaí foirne bunaithe ar inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teangacha, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.
92. Ba cheart go mbeadh beartais gnólachtaí infheistíochta inscne-neodrach. Áirítear anseo, ach níl teoranta do, luach saothair, beartais earcaíochta, pleananna forbartha gairme agus comharbais, rochtain ar oiliúint agus an cumas iarratas a dhéanamh ar fholúntais inmheánacha. Ba cheart d'institiúidí comhionannas deiseanna a áirithiú²⁰ don fhoireann ar fad beag beann ar inscne, lena n-áirítear maidir le gnéithe gairme, agus ba cheart go mbeadh sé mar aidhm acu ionadaíocht na hinscne tearcionadaithe a fheabhsú i bpoist laistigh den chomhlacht bainistíochta agus sa ghrúpa foirne ag a bhfuil freagrachtaí bainistíochta mar a shainmhínítear sa Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (caighdeán theicniúla rialála (RTS) maidir le comhaltaí foirne sainaitheanta). Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta faireachán a dhéanamh ar an treocht sa bhearna phá idir na hinscní. I gcás ina bhfuil 50 nó níos mó comhaltaí foirne ag gnólachtaí infheistíochta²¹, ba cheart faireachán ar leithligh a dhéanamh ar chomhaltaí foirne sainaitheanta (gan comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a chur san áireamh), comhaltaí den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta, comhaltaí den chomhlacht bainistíochta san fheidhm mhaoirseachta agus comhaltaí foirne eile. Ba cheart go

¹⁹ Féach freisin treoirlínte ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhóna faoi Threoir (AE) 2034/2019

²⁰ Féach freisin Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannas deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i ndáil le fostaíocht agus slí bheatha

²¹ Féach freisin Treoirlínte ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhóna faoi Threoir (AE) 2019/2034

mbeadh beartais ag institiúidí a éascaíonn athimeascadh comhaltaí foirne i ndiaidh saoire mháithreachais, saoire atharthachta nó saoire tuismitheora.²²

93. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis na caighdeáin a chuirtear chun feidhme socrúithe rialachais láidre na hinstiúide agus an riosca a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta air a laghdú, go háirithe rioscaí oibríochtúla agus rioscaí do chhlú, a bhféadfadh tionchar díobhálach suntasach a bheith acu ar bhrabúsacht agus ar inbhuanaitheacht an ghnólachta infheistíochta trí fhíneálacha, costais dlíthíochta, srianta arna bhforchur ag údaráis inniúla, pionóis airgeadais agus choiriúla eile, agus luach branda agus muinín tomhaltóirí a chailleadh.
94. Ba cheart go mbeadh beartais shoiléire agus dhoiciméadaithe ag an gcomhlacht bainistíochta maidir le conas ba cheart na caighdeáin seo a comhlíonadh. Ba cheart do na beartais sin an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a. a mheabhrú don fhoireann gur cheart gníomhaíochtaí uile an ghnólachta infheistíochta a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus le luachanna corparáideacha an ghnólachta infheistíochta;
 - b. feasacht maidir le rioscaí a chur chun cinn trí chultúr láidir riosca i gcomhréir le Roinn 9 de na treoirlínte, ina gcuirtear in iúl go bhfuil an comhlacht bainistíochta ag súil nach sáróidh na gníomhaíochtaí an inghlacthacht riosca atá sainithe agus na teorainneacha atá sainithe ag an ghnólacht infheistíochta agus freagrachtaí na gcomhaltaí foirne faoi seach;
 - c. prionsabail a leagan amach agus samplaí a sholáthar d'iompraíochtaí inghlactha agus do-ghlactha a bhaineann go háirithe le míthuairisciú agus mí-iompar airgeadais, coireacht eacnamaíoch agus airgeadais, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do chalaíocht, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (ML/TF), cleachtais in aghaidh trustaí, smachtbhannaí airgeadais, breabaireacht agus éilliú, cúbláil mhargaidh, mídhíol agus sárúithe eile ar dhlíthe cosanta tomhaltóirí, cionta cánach, bíodh siad déanta go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear trí scéimeanna arbatráiste díbhinne neamhdhleathacha nó toirmisceithe;
 - d. a shoiléiriú go bhfuiltear ag súil go mbeidh iompar na gcomhaltaí foirne macánta agus ionraic agus go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais leis an scil, cúram agus dúthracht chuí, mar aon le ceanglais dhlíthiúla agus rialála agus beartais inmheánacha a chomhlíonadh; agus
 - e. a áirithiú go bhfuil comhaltaí foirne ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí araíonachta inmheánacha agus seachtracha, na gníomhartha dlí agus na smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar mhí-iompar agus iompar do-ghlactha.

²² Féach freisin Treoirlínte ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhóna faoi Threoir (AE) 2019/2034

95. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán sin agus feasacht foirne a áirithiú, e.g. trí oiliúint a chur ar fáil. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an fheidhm atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus as meastóireacht a dhéanamh ar shárúithe ar an gcód iompair nó ar ionstraim den chineál céanna a shainiú mar aon le próiseas chun déileáil le saincheistanna neamhchomhlíonta. Ba cheart na torthaí a thuairisciú don chomhlacht bainistíochta ar bhonn tréimhsiúil.

10 Beartas um choinbhleacht leasa ag leibhéal gnólachta

96. Ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta freagrach as cur chun feidhme agus cothabháil a bhunú, a fhorpheas agus a mhaoirsiú chun coinbhleachtaí leasa iarbhír agus féideartha ag leibhéal gnólachta a shainiú, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú nó a chosc, e.g. mar thoradh ar gníomhaíochtaí agus ról éagsúla an ghnólachta infheistíochta, gnólachtaí infheistíochta difriúla laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta nó línte nó aonaid ghnó éagsúla laistigh de ghnólacht infheistíochta, nó maidir le geallsealbhóirí seachtracha. Nuair a bhíonn na beartais sin á leagan amach, ba cheart go mbeadh gnólachtaí infheistíochta airdeallach ar an bpointe nach mór dóibh Airteagal 16(3) agus Airteagal 23 de Threoir 2014/65/AE agus Airteagal 33 go hAirteagal 35 de rialachán tarmligthe 2017/565 ón gCoimisiún a chomhlíonadh.

97. Ba cheart bearta gnólachtaí infheistíochta chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú nó a mhaolú i gcás inarb iomchuí a dhoiciméadú agus ba cheart na nithe seo a leanas, inter alia, a chur san áireamh:

- a. leithscaradh iomchuí dualgas, e.g. gníomhaíochtaí a thagann salach ar a chéile laistigh de phróiseáil idirbheart nó nuair a bhíonn seirbhísí á soláthar do dhaoine difriúla, nó freagrachtaí maoirseachta agus tuairiscithe maidir le gníomhaíochtaí a thagann salach ar a chéile a chur de chúram ar dhaoine éagsúla;
- b. bacainní faisnéise a bhunú, e.g. trí línte nó aonaid ghnó áirithe a scaradh go fisiciúil.

11 Beartas um choinbhleacht leasa don fhoireann²³

98. Gan dochar d'Airteagal 23 de Threoir 2014/65/AE agus do Roinn 3 de Chaibidil 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2017/565 ón gCoimisiún, ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta freagrach as cur chun feidhme agus maoirsiú beartas éifeachtach a bhunú, a fhorpheas agus maoirseacht a dhéanamh orthu chun coinbhleachtaí iarbhír agus féideartha idir leas an ghnólachta infheistíochta agus leas próbháideach na foirne, lena n-áirítear comhaltaí den chomhlacht bainistíochta, a shainiú, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú nó a chosc, ar coinbhleachtaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar

²³ Ba cheart an roinn seo a léamh i gcomhar le treoirlínte comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí eochairfeidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE.

fheidhmiú a ndualgas agus a bhfreagrachtaí. Ba cheart do mháthairghnóthas de chuid an Aontais leas laistigh de bheartas um choibhleacht leasa grúpa a mheas ar bhonn comhdhlúite.

99. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an mbeartas coibhleachtaí leasa na gcomhaltaí foirne a shainaithe, lena n-áirítear leas dlúthdhaoine dá dteaghlach. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a chur san áireamh go bhféadfadh coibhleachtaí leasa eascairt as, ní hamháin caidreamh reatha, ach as caidrimh phearsanta nó ghairmiúla a bhí bunaithe roimhe seo freisin. Sa chás go mbíonn coibhleachtaí leasa ann, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a n-ábharthacht a mheasúnú agus cinneadh a dhéanamh maidir le bearta maolaitheacha agus iad a chur chun feidhme de réir mar is iomchuí.
100. Maidir le coibhleachtaí leasa a d'fhéadfadh eascairt as caidrimh a bhí bunaithe roimhe seo, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta creat ama iomchuí a leagan síos inar mian leo go ndéanfadh an fhoireann coibhleachtaí leasa den sórt sin a thuairisciú, ar an mbonn go bhféadfadh tionchar a bheith acu sin fós ar iompar na foirne agus ar a rannpháirtíocht i gcinnteoireacht.
101. Ba cheart go gcumhdófaí sa bheartas na cásanna nó na caidrimh seo a leanas ar a laghad ina bhféadfadh coibhleachtaí leasa a bheith i gceist:
- leas eacnamaíoch (e.g. scaireanna, cearta úinéireachta eile agus ballraíochtaí, sealúchais airgeadais agus leas eacnamaíoch eile i gcustaiméirí tráchtála, cearta maoine intleachtúla, ballraíocht i gcomhlacht nó úinéireacht comhlachta nó eintitis a bhfuil leasanna coibhleachta aige);
 - caidrimh phearsanta nó ghairmiúla le húnéirí sealúchas cáilitheach sna gnólachtaí infheistíochta;
 - caidrimh phearsanta nó ghairmiúla le foireann na ggnólachtaí nó eintiteas infheistíochta a áirítear laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta (e.g. caidreamh teaghlaigh);
 - fostaíocht eile agus fostaíocht roimhe seo le blianta beaga anuas (e.g. cúig bliana);
 - caidrimh phearsanta nó ghairmiúla le páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha (e.g. baint a bheith acu le soláthraithe ábhair, sainchomhairliúcháin nó soláthraithe seirbhíse eile); agus
 - tionchar polaitiúil nó caidreamh polaitiúil.
102. D'ainneoin an méid thuasluaite, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a chur san áireamh gur scairshealbhóir de chuid gnólacht infheistíochta nó seirbhísí eile gnólacht infheistíochta

atá i gceist, agus nár cheart go n-eascródh cás as sin ina measfaí go mbeadh coinbhleacht leasa luaite le comhaltaí foirne má fhanann siad laistigh de thairseach iomchuí de minimis.

103. Ba cheart go leagfaí amach sa bheartas na próisis chun tuairisciú agus cumarsáid a dhéanamh leis an bhfeidhm atá freagrach faoin mbeartas. Ba cheart go mbeadh sé de dhualgas ar an bhfoireann aon ábhar a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith mar thoradh air, nó a raibh coinbhleacht leasa mar thoradh air cheana féin, an méid sin a nochtadh go himheánach gan mhoill.
104. Ba cheart don bheartas idirdhealú a dhéanamh idir coinbhleachtaí leasa atá fós ann agus coinbhleachtaí leasa is gá a bhainistiú go buan agus coinbhleachtaí leasa a tharlaíonn gan choinne i ndáil le teagmhas aonair (e.g. idirbheart nó roghnú soláthraí seirbhíse, etc.) agus is féidir é a bhainistiú le beart aonuaire de ghnáth. I ngach uile chás, ba cheart leas an ghnólachta infheistíochta a chur san áireamh sna cinntí a dhéantar.
105. Ba cheart go leagfaí amach sa bheartas nósanna imeachta, bearta, ceanglais doiciméadachta agus freagrachtaí maidir le coinbhleachtaí leasa a shainaithint agus a chosc, maidir le measúnú a dhéanamh ar a n-ábharthacht agus maidir le bearta maolaitheacha a dhéanamh. Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas i measc na nósanna imeachta, na gceanglas, na bhfreagrachtaí agus na mbeart sin:
- a. gníomhaíochtaí nó idirbhearta atá ag teacht salach ar a chéile a chur de chúram ar dhaoine éagsúla;
 - b. cosc a chur ar chomhaltaí foirne atá gníomhach lasmuigh den ghnólacht infheistíochta tionchar míchuí a bheith acu laistigh den ghnólacht infheistíochta maidir leis na gníomhaíochtaí eile sin;
 - c. an fhreagracht atá ar chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta staonadh ó vótáil ar aon ábhar i gcás ina bhfuil coinbhleacht leasa ag comhalta nó ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag comhalta nó i gcás ina bhféadfaí oibiachtúlacht nó cumas an chomhalta a dhualgais nó a dualgais i leith an ghnólachta infheistíochta a chomhlíonadh go cuí a chur i mbaol ar shlí eile;
 - d. cosc a chur ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta stiúirthóireachtaí a bheith acu i ngnólachtaí infheistíochta iomaíocha.
106. Ba cheart go gcumhdófaí go sonrath sa bheartas an riosca go mbeidh coinbhleachtaí leasa ann ag leibhéal an chomhlachta bainistíochta agus go dtabharfaí treoir leordhóthanach maidir le coinbhleachtaí leasa a shainaithint agus a bhainistiú, ar treoir í a d'fhéadfadh bac a chur ar chumas chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta cinntí oibiachtúla agus neamhchlaonta a dhéanamh arb é is aidhm leo leas na ngnólachtaí infheistíochta a chomhlíonadh. Ba cheart do

ghnólachtaí infheistíochta a chur san áireamh go bhféadfadh coinbhleachtaí leasa tionchar a imirt ar neamhspleáchas chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta²⁴.

107. Nuair a bheidh coinbhleachtaí leasa sainaitheanta comhaltaí den chomhlacht bainistíochta á maolú, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na bearta a rinneadh a dhoiciméadú, lena n-áirítear an réasúnú maidir le conas atá na bearta sin éifeachtach chun cinnteoireacht oibiachtúil a áirithiú.
108. Ba cheart coinbhleachtaí leasa iarbhir nó féideartha a nochtadh don fheidhm fhreagrach laistigh den ghnólacht infheistíochta a mheasúnú agus a bhainistiú go cuí. Má shainithnítear coinbhleacht leasa foirne, ba cheart don ghnólacht infheistíochta an cinneadh a rinneadh a dhoiciméadú, go háirithe más rud é gur glacadh leis an gcoinbhleacht leasa agus leis na rioscaí gaolmhara; agus má glacadh leis an gcoinbhleacht leasa, conas a rinneadh an choinbhleacht leasa seo a mhaolú nó a leigheas go sásúil.
109. Ba cheart gach coinbhleacht leasa iarbhir agus fhéideartha ag leibhéal an chomhlachta bainistíochta, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, a dhoiciméadú go leordhóthanach, a chur in iúl don chomhlacht bainistíochta agus a phlé, a chinneadh agus ba cheart don chomhlacht bainistíochta é a bhainistiú go cuí.

11.1 Beartas um choinbhleachtaí leasa i gcomhthéacs iasachtaí agus idirbheart eile le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus lena bpáirtithe gaolmhara

110. Mar chuid dá mbeartais um choinbhleachtaí leasa don fhoireann (Roinn 11) agus bainistiú choinbhleachtaí leasa chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta mar atá leagtha amach i mír 107, ba cheart don chomhlacht bainistíochta creat a leagan amach chun coinbhleachtaí leasa a shainithint agus a bhainistiú i gcomhthéacs iasachtaí a dheonú agus idirbhearta eile a dhéanamh, e.g. tairiscintí poiblí tosaigh, comhaontuithe seirbhíse nó comhaontuithe eifshoinsithe le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus lena bpáirtithe gaolmhara.
111. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta breithniú a dhéanamh ar chatagóirí breise páirtithe gaolmhara a bhfuil feidhm acu maidir leo, go hiomlán nó i bpáirt, a gcreat coinbhleachtaí leasa maidir le hiasachtaí agus idirbhearta.
112. Ba cheart go n-áiritheodh an creat coinbhleachtaí leasa go ndéanfar cinntí maidir le hiasachtaí agus idirbhearta eile a dhéanamh le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus lena bpáirtithe gaolmhara go hoibiachtúil, gan tionchar míchuí ó choinbhleachtaí leasa agus go réachtálfar iad, mar phrionsabal ginearálta, ar neamhthuilleamaí.

²⁴Féach freisin treoirlínte comhpháirteacha ESMA agus ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí eochairfheidhme faoi Threoir 2013/36/AE agus Treoir 2014/65/AE.

113. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta na próisis chinnteoireachta is infheidhme maidir le hiasachtaí a dheonú agus idirbhearta eile a dhéanamh le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta agus lena bpáirtithe gaolmhara a leagan amach. Féadfar foráil a dhéanamh sa chreat sin le haghaidh idirdhealú idir idirbhearta caighdeánacha gnó²⁵ a dhéantar sa ghnáthchúrsa gnó agus a thugtar i gcrích de réir gnáththearmaí margaidh agus idirbhearta foirne, a chuirtear i gcrích faoi réir coinníollacha atá ar fáil don fhoireann ar fad. Ina theannta sin, féadfar idirdhealú a dhéanamh idir an creat coinbhleachtaí leasa agus an próiseas cinnteoireachta idir iasachtaí ábhartha agus neamhábhartha nó idirbhearta ábhartha eile, cineálacha difriúla iasachtaí agus idirbhearta eile agus an leibhéal coinbhleachtaí leasa iarbhír nó féideartha a d'fhéadfaidís a chruthú.
114. Mar chuid den chreat coinbhleachtaí leasa, ba cheart don chomhlacht bainistíochta tairseacha iomchuí a shocrú (e.g. le haghaidh an chineáil táirge, méid, nó ag brath ar na coinníollacha) thuas a cheanglaíonn an t-idirbheart le comhalta den chomhlacht bainistíochta nó lena pháirtithe gaolmhara formheas a fháil ón gcomhlacht bainistíochta. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta cinntí a dhéanamh i gcónaí maidir le hiasachtaí ábhartha agus idirbhearta ábhartha eile le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta nach bhfuil á gcur i gcrích faoi ghnáththearmaí margaidh, ach faoi réir coinníollacha atá ar fáil don fhoireann ar fad.
115. Níor cheart go mbeadh baint ag an gcomhalta den chomhlacht bainistíochta a bhaineann leas as iasacht ábhartha den sórt sin nó as idirbheart ábhartha eile, nó ag an gcomhalta a bhfuil gaol aige leis an gcontrapháirtí, leis an bpróiseas cinnteoireachta.
116. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le hiasacht nó idirbheart eile le comhalta den chomhlacht bainistíochta nó lena bpáirtithe gaolmhara, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, sula ndéanfaid siad cinneadh, measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhféadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta air de bharr an idirbhirt.
117. Chun comhlíonadh a mbeartas um choinbhleachtaí leasa a áirithiú, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go mbeidh feidhm iomlán ag na nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh ábhartha go léir maidir le hiasachtaí agus idirbhearta eile le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta nó lena bpáirtithe gaolmhara agus go bhfuil creat maoirseachta iomchuí i bhfeidhm ag leibhéal an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta.

11.2 Iasachtaí chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus a bpáirtithe gaolmhara a dhoiciméadú agus faisnéis bhreise

118. Chun críocha Airteagal 26 de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta sonraí maidir le hiasachtaí a dhoiciméadú go cuí do chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus dá bpáirtithe gaolmhara, lena n-áirítear ar a laghad:

²⁵ Áirítear i measc idirbhearta gnó léasú iasachtaí, fachtóireacht, seirbhísí i gcomhthéacs tairiscintí tosaigh don phobal (IPOanna), cumaisc agus éadálacha agus maoin a cheannach agus a dhíol.

- a. ainm an fhéichiúnaí agus a stádas (i.e. comhalta den chomhlacht bainistíochta nó páirtí gaolmhar) agus, maidir le hiasachtaí do pháirtí gaolmhar, an comhalta den chomhlacht bainistíochta a bhfuil gaol ag an bpáirtí leis agus an cineál caidrimh leis an bpáirtí gaolmhar;
- b. cineál/nádúr na hiasachta agus méid na hiasachta;
- c. na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir leis an iasacht;
- d. dáta formheasta na hiasachta;
- e. ainm an duine aonair nó an chomhlachta agus a chomhdhéanamh a bhfuil an cinneadh á dhéanamh aige nó aici an iasacht a fhorpheas agus na coinníollacha is infheidhme;
- f. an fíoras (tá/níl) maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an iasacht tugtha de réir dálaí margaidh; agus
- g. an fhíric (tá/níl) maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an iasacht tugtha de réir dálaí atá ar fáil don fhoireann ar fad.

119. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go mbeidh doiciméadú na n-iasachtaí uile do chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus dá bpáirtithe gaolmhara iomlán agus nuashonraithe agus go mbeidh an gnólacht infheistíochta in ann an doiciméadacht iomlán a chur ar fáil d'údaráis inniúla i bhformáid iomchuí arna iarraidh sin agus gan moill mhíchúí.

12 Nósanna imeachta inmheánacha foláirimh

120. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta beartais agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí foláirimh a bhunú agus a choimeád ar bun ionas gur féidir leis an bhfoireann sárúithe féideartha nó iarbhír ar Rialachán (AE) Uimh. 2033/2019 agus ar fhorálacha náisiúnta lena dtrasúitear Treoir (AE) 2019/2034 a thuairisciú ar bhealach sonrach, neamhspleách agus féinrialaithe. Níor cheart go mbeadh sé riachtanach go mbeadh fianaise ar shárú ag an bhfoireann tuairiscithe; ba cheart, áfach, go mbeadh leibhéal leordhóthanach cinnteachta acu arb ionann é agus cúis leordhóthanach chun imscrúdú a sheoladh. Chomh maith leis sin, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta próisis agus nósanna imeachta iomchuí a chur chun feidhme a áirithiú go bhfuil a gcuid oibleagáidí á gcomhlíonadh acu faoi chur chun feidhme náisiúnta Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais a chosaint.

121. Chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint, ba cheart go mbeadh an fhoireann in ann sárúithe a thuairisciú lasmuigh de línte tuairiscithe rialta (e.g. tríd an bhfeidhm chomhlíonta, tríd an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí nó trí nós imeachta neamhspleách inmheánach sceithireachta). Ba cheart go n-áiritheofaí sna nósanna imeachta foláirimh go gcosnófaí sonraí

pearsanta an duine a thuairiscíonn an sárú agus an duine nádúrtha a líomhnaítear atá freagrach as an sárú de réir Rialachán (AE) 2016/679²⁶ (RGCS).

122. Ba cheart na nósanna imeachta foláirimh a chur ar fáil do gach comhalta foirne laistigh de ghnólacht infheistíochta.
123. Más iomchuí, ba cheart faisnéis a sholáthraíonn comhaltaí foirne trí na nósanna imeachta foláirimh a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta agus d'fheidhmeanna freagracha eile arna sainiú sa bheartas foláirimh inmheánach. I gcás ina n-éilíonn an comhalta foirne a bhfuil sárú á thuairisciú aige nó aici, ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta agus d'fheidhmeanna freagracha eile ar bhealach anaithnid. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta foráil a dhéanamh freisin le haghaidh próiseas sceithreachta lenar féidir faisnéis a chur isteach ar bhealach anaithnid.
124. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go bhfuil an duine a thuairiscíonn an sárú cosanta go hiomchuí ó aon tionchar diúltach, e.g. frithbheart, idirdhealú nó cineálacha eile de chóir éagórach. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta a áirithiú nach rachaidh aon duine atá á rialú ag an ghnólacht infheistíochta i mbun íospártha duine a thuairiscigh sárú agus ba cheart dó bearta iomchuí a dhéanamh in aghaidh na ndaoine atá freagrach as aon íospairt den sórt sin.
125. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta daoine a tuairiscíodh a chosaint ó aon éifeachtaí diúltacha i gcás nach bhfuil aon fhianaise san imscrúdú lena dtugtar bonn cirt do bhearta a dhéanamh i gcoinne an duine sin. Má dhéantar bearta, ba cheart do na gnólachtaí infheistíochta iad a dhéanamh ar bhealach a bhfuil sé mar aidhm leo an duine lena mbaineann a chosaint ar éifeachtaí diúltacha neamhbheartaithe a sháraíonn cuspóir an bhirt a rinneadh.
126. Go háirithe, ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas á dhéanamh i ndáil le nósanna imeachta inmheánacha foláirimh:
 - a. ba cheart go mbeadh na nósanna imeachta á ndoiciméadú (e.g. lámhleabhair foirne);
 - b. ba cheart rialacha soiléire a chur ar fáil lena n-áiritheofar go ndéileálfar le faisnéis faoin tuairisciú agus faoi na daoine a thuairiscítear agus faoin sárú faoi rún, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, ach amháin má cheanglaítear an nochtadh faoin dlí náisiúnta i gcomhthéacs imscrúduithe breise nó imeachtaí breithiúnacha ina dhiaidh sin;
 - c. ba cheart cosaint a thabhairt do chomhaltaí foirne a chuireann ábhair inmí in iúl ó bheith á n-íospairt de bhrí go bhfuil sárúithe intuairiscithe nochta acu;

²⁶ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)

- d. ba cheart a áirithiú go ndéanfar na sáruihte féideartha nó iarbhir a dtagraítear dóibh a mheasúnú agus a ghéarú, lena n-áirítear de réir mar is iomchuí don údarás inniúil ábhartha nó don ghníomhaireacht forfheidhmithe dlí;
- e. a áirithiú, i gcás inar féidir, go soláthrófar dearbhú maidir le faisnéis a fháil don fhoireann a bhfuil sáruihte féideartha nó iarbhir tuairiscithe acu;
- f. a áirithiú go ndéanfar toradh imscrúdaithe ar shárú tuairiscithe a rianú; agus
- g. coimeád taifead oiriúnach a áirithiú.

13 Sáruihte a thuairisciú d'údaráis inniúla

127. I gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart d'údaráis inniúla sásraí éifeachtacha agus iontaoifa a bhunú chun cur ar chumas comhaltaí foirne gnólachtaí infheistíochta sáruihte ábhartha féideartha nó iarbhir ar Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033 agus ar fhorálacha náisiúnta lena dtrasúitear Treoir (AE) 2019/2034 a thuairisciú d'údaráis inniúla. Ba cheart na nithe seo a leanas, ar a laghad, a áireamh sna sásraí sin:

- a. nósanna imeachta sonracha maidir le tuairiscí a fháil faoi sháruihte agus bearta leantacha, mar shampla, roinn, aonad nó feidhm sceithireachta ar leith a bhunú;
- b. cosaint iomchuí dá dtagraítear i Roinn 13;
- c. cosaint sonraí pearsanta an duine nádúrtha a thuairiscíonn an sárú agus an duine nádúrtha a líomhnaítear atá freagrach as an sárú, de réir Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS); agus
- d. nósanna imeachta soiléire mar atá leagtha amach i Roinn 12.

128. Gan dochar don fhéidearthacht a bhaineann le sáruihte a thuairisciú trí shásraí na n-údaráis inniúil, féadfaidh na húdaráis inniúla comhaltaí foirne a spreagadh chun iarracht a dhéanamh ar dtús nósanna imeachta inmheánacha foláirimh a ngnólachtaí infheistíochta a úsáid agus iarracht a dhéanamh iad a úsáid.

Teideal V – creat agus sásraí rialaithe inmheánaigh

14 Creat rialaithe inmheánaigh

129. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta cultúr a fhorbairt agus a chothabháil ina spreagtar dearcadh dearfach i leith rialú riosca agus comhlíonadh riosca laistigh de ghnólachtaí infheistíochta agus creat rialaithe inmheánaigh atá láidir agus cuimsitheach. Faoin gcreat sin, ba cheart go mbeadh línte gnó na ngnólachtaí infheistíochta freagrach as na rioscaí a thabhaíonn siad nuair a bhíonn a ngníomhaíochtaí á gcur i gcrích acu a bhainistiú agus ba

cheart rialuithe a bheith bunaithe acu arb é an aidhm atá leo comhlíonadh na gceanglas inmheánach agus seachtrach a áirithiú. Mar chuid den chreat sin, ba cheart go mbeadh feidhm chomhlíonta inmheánach²⁷ atá buan agus éifeachtach ag gnólachtaí infheistíochta le húdarás, próifíl agus rochtain iomchuí agus leordhóthanach ag an gcomhlacht bainistíochta chun a mhisean a chomhlíonadh, mar aon le creat bainistíochta riosca. I gcás ina bhfuil sé comhréireach agus na critéir a liostaítear i dTeideal I á gcur san áireamh, ba cheart go mbeadh feidhm bainistíochta riosca inmheánach agus iniúchóireachta ag gnólachtaí infheistíochta freisin.

130. Ba cheart creat rialaithe inmheánach an ghnólachta infheistíochta lena mbaineann a oiriúnú ar bhonn aonair do shainiúlacht a ghnó, dá chastacht agus do na rioscaí a bhaineann leis, agus comhthéacs an ghrúpa á chur san áireamh. Ba cheart don ghnólacht infheistíochta lena mbaineann malartú na faisnéise is gá a eagrú ar bhealach lena n-áirítear go mbeidh gach comhlacht bainistíochta, líne ghnó agus aonad inmheánach, lena n-áirítear gach feidhm rialaithe inmheánaigh, in ann a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, malartú riachtanach faisnéis leordhóthanach idir na línte gnó agus an fheidhm chomhlíonta, agus feidhm chomhlíonta AML/CFT i gcás inar feidhm rialaithe ar leithligh é, ag leibhéal an ghrúpa agus idir cinn na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh ag leibhéal an ghrúpa agus comhlacht bainistíochta na ngnólachtaí infheistíochta.
131. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na próisis agus na nósanna imeachta iomchuí a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí i gcomhthéacs sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta measúnú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar an riosca a d'fhéadfaí a úsáid chun críocha ML/TF agus, nuair is gá, bearta maolaitheacha a dhéanamh chun na rioscaí sin a laghdú chomh maith leis na rioscaí oibriúcháin agus clú a bhaineann leo. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta bearta a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil a gcomhaltaí foirne ar an eolas faoi rioscaí ML/TF den sórt sin agus faoin tionchar atá ag ML/TF ar an ngnólacht infheistíochta agus ar shláine an chórais airgeadais.
132. Ba cheart go gcumhdódh an creat rialaithe inmheánaigh an eagraíocht ar fad, lena n-áirítear freagrachtaí agus cúraimí an chomhlachta bainistíochta, agus gníomhaíochtaí gach líne ghnó agus gach aonad inmheánach, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí seachfhoinsithe agus bealaí dáileacháin.
133. Ba cheart do chreat rialaithe inmheánaigh gnólachta infheistíochta an méid seo a leanas a áirithiú:
- a. oibríochtaí éifeachtacha agus éifeachtúla;
 - b. sainiúint, tomhas agus maolú leordhóthanach rioscaí;

²⁷ Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán Tarmiligthe 565/2017 ón gCoimisiún

- c. iontaofacht na faisnéise airgeadais agus neamhairgeadais a thuairiscítear go hinmheánach agus go seachtrach araon;
- d. nósanna imeachta fóna riaracháin agus cuntasáíochta; agus
- e. dlíthe, rialacháin, ceanglais mhaoirseachta agus beartais, próisis, rialacha agus cinntí inmheánacha an ghnólachta infheistíochta a chomhlíonadh.

15 Creat rialaithe inmheánaigh a chur chun feidhme

134. Ba cheart go mbeadh an chomhlacht bainistíochta freagrach as leordhóthanacht agus éifeachtacht an chreata, na bpróiseas agus na sásraí rialaithe inmheánaigh a bhunú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus as maoirseacht a dhéanamh ar gach líne ghnó agus gach aonad inmheánach, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe inmheánaigh (amhail comhlíonadh AML/CFT i gcás ina bhfuil siad ar leithligh ón bhfeidhm chomhlíonta, agus bainistiú riosca agus feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí i gcás ina mbunaítear a leithéid). Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta beartais, sásraí agus nósanna imeachta leordhóthanacha um rialú inmheánach i scríbhinn a bhunú, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus ba cheart don chomhlacht bainistíochta iad a fhorghnó. Sa chás nach mbunaítear aon fheidhm bhainistíochta riosca, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bheith freagrach as nósanna imeachta agus beartais leordhóthanacha maidir le bainistiú riosca a bhunú agus faireachán a dhéanamh orthu.
135. Ba cheart go mbeadh próiseas cinnteoireachta atá soiléir, trédhearcach agus doiciméadaithe ag gnólacht infheistíochta agus ba cheart go mbeadh freagrachtaí agus údarás á leithdháileadh go soiléir laistigh dá chreat rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear a línte gnó, aonaid inmheánacha agus feidhmeanna rialaithe inmheánaigh.
136. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na beartais, sásraí agus nósanna imeachta sin a chur in iúl don fhoireann ar fad agus gach uair a dhéanfar athruithe ábhartha.
137. Ba cheart do na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a fhíorú go ndéantar na beartais, sásraí agus nósanna imeachta a leagtar amach sa chreat rialaithe inmheánaigh a chur chun feidhme i gceart ina réimsí inniúlachta faoi seach.
138. Ba cheart go gcuirfeadh feidhmeanna rialaithe inmheánaigh tuarascálacha i scríbhinn faoi bhráid an chomhlachta bainistíochta go rialta maidir le móreasnaimh a sainaitníodh. Ba cheart go n-áireofaí sna tuarascálacha sin, i gcás gach móreasnamh nua a shainaitníodh, na rioscaí ábhartha a bheidh i gceist, measúnú tionchair, moltaí agus bearta ceartaitheacha a bheidh le cur i gcrích. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh ar bhealach tráthúil agus éifeachtach agus bearta ceartaitheacha leordhóthanacha a éileamh. Ba cheart níos íde imeachta leantach foirmiúil a bhunú maidir leis na torthaí agus na bearta ceartaitheacha a cuireadh i gcrích.

16 Creat bainistíochta riosca

139. Mar chuid den chreat rialaithe inmheánach foriomlán, ba cheart go mbeadh creat bainistíochta riosca iomlánaíoch ag gnólachtaí infheistíochta atá ábhartha dá línte gnó agus aonaid inmheánacha uile, lena n-áirítear feidhmeanna rialaithe inmheánaigh, a thugann aitheantas iomlán don tsubstaint eacnamaíoch a bhaineann lena neamhchosaintí riosca uile lena n-áirítear na rioscaí a bhaineann leis an ngnólacht infheistíochta féin, a chustaiméirí agus a mhargaí agus rioscaí leachtachta, go háirithe iad siúd ar féidir leo tionchar ábhartha a bheith acu ag leibhéal na gcistí dílse atá ar fáil nó a d'fhéadfadh an leibhéal cistí dílse atá ar fáil a ídiú. Ba cheart go gcuirfeadh an creat bainistíochta riosca ar chumas an ghnólachta infheistíochta cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le dul i riosca. Chomh maith leis sin, ba cheart go gcuimseofaí sa chreat bainistíochta riosca gach riosca mar aon le rioscaí iarbhír agus rioscaí a d'fhéadfadh an gnólacht infheistíochta a bheith neamhchosanta orthu amach anseo. Ba cheart meastóireacht ón mbun aníos agus ón mbarr anuas a dhéanamh ar rioscaí, laistigh de réimeanna gnó agus thar línte gnó, trí úsáid á baint as téarmaíocht chomhsheasmhach agus modheolaíochtaí comhoiriúnacha ar fud an ghnólachta infheistíochta agus ag leibhéal comhdhlúite. Ba cheart na rioscaí ábhartha go léir a chuimsiú sa chreat bainistíochta riosca agus breithniú iomchuí a dhéanamh ar rioscaí airgeadais agus neamhairgeadais araon, lena n-áirítear rioscaí margaidh, leachtachta, comhchruinnithe, oibríochtúla, TF, clú, dlí, iompair, comhlíonadh AML/CTF agus rioscaí eile airgeadais, ESG agus rioscaí straitéiseacha.
140. Ba cheart go n-áireofaí i gcreat bainistíochta riosca an ghnólachta infheistíochta beartais, nósanna imeachta, teorainneacha riosca agus rialuithe riosca lena n-áiritheofar sainaitheint, tomhas nó measúnú atá leordhóthanach, tráthúil agus leanúnach, faireachán, bainistiú, maolú agus tuairisciú ar na rioscaí don líne ghnó, gnólacht infheistíochta agus ag na leibhéil chomhdhlúite.
141. Le creat bainistíochta riosca an ghnólachta infheistíochta, ba cheart treoir shonrach a sholáthar maidir le cur chun feidhme a straitéisí. Leis an treoir sin, ba cheart, i gcás inarb iomchuí, teorainneacha inmheánacha a bhunú agus a chothabháil i gcomhréir le hinghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta agus i gcomhréir lena oibriú fóna, fónacht airgeadais, bonn caipitil agus cuspóirí straitéiseacha. Ba cheart próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta a choinneáil laistigh de na teorainneacha bunaithe sin. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an gcreat bainistíochta riosca, aon uair a tharlaíonn sárúithe ar theorainneacha riosca, go bhfuil próiseas sainithe ann chun géarú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt orthu trí nós imeachta leantach iomchuí.
142. Ba cheart go mbeadh an creat bainistíochta riosca faoi réir athbhreithniú inmheánach neamhspleách, e.g. arna dhéanamh ag an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí, agus ba cheart athmheasúnú rialta a dhéanamh air ag féachaint d'inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta, agus faisnéis ón bhfeidhm bainistíochta riosca agus ón gcoiste riosca á cur san áireamh, i gcás ina mbunaítear a leithéid. Áirítear i measc na bhfachtóirí ba cheart a mheas, forbairtí inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear athruithe ar ioncam; aon mhéadú ar

chastacht ghnó, próifíl riosca nó struchtúr oibriúcháin an ghnólachta infheistíochta; leathnú geografach; cumaisc agus éadálacha; agus táirgí nó línte gnó nua a bhunú.

143. Nuair a bhíonn rioscaí á sainaitheint agus á dtomhas nó á measúnú, ba cheart don ghnólacht infheistíochta modheolaíochtaí iomchuí a fhorbairt lena n-áirítear uirlisí réamhbhreathnaitheacha agus siarbhreathnaitheacha araon. Ba cheart go n-áireofaí i measc na n-uirlisí sin measúnú ar an bpróifíl riosca iarbhir i gcomparáid le hinghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta, chomh maith le neamhchosaintí ar riosca féideartha agus i ndálaí anáis a shainaithint agus a mheasúnú faoi raon imthosca díobhálacha glactha i gcoinne acmhainn riosca an ghnólachta infheistíochta. Ba cheart faisnéis a sholáthar sna huirlisí maidir le haon choigeartú ar an bpróifíl riosca a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta toimhdí coimeádacha iomchuí a dhéanamh nuair a bhíonn cásanna anáis á bhforbairt.
144. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a chur san áireamh go bhfuil torthaí modheolaíochtaí um measúnú cainníochtúil, lena n-áirítear tástáil struis, ag brath go mór ar teorainneacha agus ar thoimhdí na samhlacha (lena n-áirítear déine agus fad na turrainge agus na rioscaí foluiteacha). Mar shampla, d'fhéadfadh samhlacha a léiríonn torthaí an-ard ar chaipiteal eacnamaíoch a bheith mar thoradh ar laige sna samhlacha (e.g. roinnt rioscaí ábhartha a eisiamh) seachas ar straitéis níos fearr ná ar chur i gcrích sármhaith straitéise sa ghnólacht infheistíochta. Níor cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an cinneadh maidir le leibhéal an riosca a ghlactar bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil nó ar aschuir samhla amháin; ba cheart go mbeadh cur chuige cáilíochtúil san áireamh freisin (lena n-áirítear breithiúnas saineolach agus anailís chriticiúil). Ba cheart aghaidh a thabhairt go sainráite ar threochtaí agus ar shonraí maicreacnamaíocha ábhartha comhshaoil chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar neamhchosaintí agus ar phunanna a shainaithint.
145. Is ar an ghnólacht infheistíochta amháin atá an fhreagracht i ndeireadh na dála as an measúnú riosca, agus ba cheart don ghnólacht sin, dá réir sin, meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar a rioscaí agus níor cheart dó brath go heisiach ar mheasúnuithe seachtracha.
146. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a bheith ar an eolas faoi na srianta atá ar shamhlacha agus ar mhéadracht agus ba cheart dóibh úsáid a bhaint, ní hamháin as uirlisí cainníochtúla ach as uirlisí cáilíochtúla measúnaithe riosca freisin (lena n-áirítear breithiúnas saineolach agus anailís chriticiúil).
147. I dteannta leis na measúnuithe a dhéanann na ghnólachtaí infheistíochta, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta measúnuithe riosca seachtracha a úsáid (lena n-áirítear rátálacha creidmheasa seachtracha nó samhlacha riosca a ceannaíodh go seachtrach). Ba cheart go mbeadh gnólachtaí infheistíochta ar an eolas faoi raon feidhme beacht measúnuithe den chineál sin agus na teorainneacha a bhaineann leo.
148. Ba cheart sásraí tuairiscithe rialta agus trédhearcacha a bhunú ionas go soláthrófar tuarascálacha don chomhlacht bainistíochta, dá choiste riosca, i gcás ina bhfuil a leithéid

bunaithe, agus do gach aonad ábhartha i ngnólacht infheistíochta ar bhealach tráthúil, cruinn, gonta, intuigthe agus fiúntach agus ionas go mbeidh siad in ann faisnéis ábhartha a roinnt maidir le rioscaí a shainaithint, a thomhas nó a mheasúnú, agus maidir le faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí. Ba cheart go mbeadh an creat tuairiscithe dea-shainithe agus doiciméadaithe.

149. Tá cumarsáid agus feacht éifeachtach maidir le rioscaí agus leis an straitéis riosca rithábhachtach i ndáil leis an bpróiseas bainistíochta riosca ar fad, lena n-áirítear na próisis athbhreithnithe agus chinnteoireachta, agus cabhraíonn sé le cinntí a chosc a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le riosca a mhéadú go haineolach. Is éard atá i gceist le tuairisciú éifeachtach rioscaí breithniú inmheánach fóna agus cur in iúl na straitéise riosca agus na sonraí riosca ábhartha (e.g. neamhchosaintí agus eochairtháscairí riosca), go cothrománach ar fud na ngnólaicthe infheistíochta agus feadh an tslabhra bainistíochta.

17 Feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

150. Ba cheart go n-áireofaí sna feidhmeanna rialaithe inmheánaigh feidhm comhlíonta inmheánaigh atá éifeachtach agus buan, agus i gcás inarb iomchuí agus comhréireach, na critéir a liostaítear i dTeideal I, feidhm bhainistíochta riosca agus feidhm iniúchóireachta inmheánaí a chur san áireamh. Áirítear i measc fhreagrachtaí na bhfeidhmeanna rialaithe freisin a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais AML/CTF. Sa chás nach ndéanann gnólaicthe infheistíochta feidhm bhainistíochta riosca agus feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhunú agus a chothabháil, ba cheart dóibh a bheith in ann a léiriú arna iarraidh sin go mbainfidh na beartais agus na nósanna imeachta arna nglacadh agus arna gcur chun feidhme le haghaidh creat rialaithe inmheánaigh an toradh céanna amach go héifeachtach leis na treoirlínte dá bhforáiltear sa Teideal V seo.
151. Sa chás nach mbunaíonn an gnólacht infheistíochta feidhm inmheánach bainistíochta riosca (RMF) nó feidhm iniúchóireachta inmheánaí (IAF), is iad na comhaltaí foirne atá i gceannas ar na nósanna imeachta bunaithe agus, i ndeireadh thiar, an comhlacht bainistíochta, a fhéadfaidh na cúraimí oibríochtúla a tharmligean go himmheánach nó go seachtrach.
152. Gan dochar don dlí náisiúnta lena gcuirtear Treoir (AE) 2015/849 chun feidhme, ba cheart d'institiúidí an fhreagracht as a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid ceanglais na treorach sin agus beartais agus nósanna imeachta na hinstiúidí a shannadh do chomhalta foirne (e.g. an ceann comhlíonta). Féadfaidh institiúidí feidhm chomhlíonta AML/CTF ar leith a bhunú mar fheidhm rialaithe neamhspleách. I gcás inar gá, ba cheart go mbeadh an duine atá freagrach as AML/CTF in ann tuairisciú go díreach chuig an gcomhlacht bainistíochta i dtaca lena fheidhm bhainistíochta agus maoirseachta.

17.1 Cinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

153. Ba cheart cinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a bhunú ag leibhéal ordlathach leordhóthanach a sholáthraíonn an t-údarás iomchuí do cheann na feidhme rialaithe agus an

phróifil is gá chun a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a chomhlíonadh. Ba cheart don cheann comhlíonta agus, i gcás ina bhfuil siad bunaithe, cinn na bainistíochta riosca agus feidhmeanna iniúcháireachta inmheánaí a bheith freagrach go díreach don chomhlacht bainistíochta agus ba cheart don chomhlacht bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht.

154. I gcás inar gá, ba cheart do chinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a bheith in ann rochtain a bheith acu ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus tuairisciú go díreach dó chun ábhair inní a chur in iúl agus rabhadh a thabhairt don fheidhm mhaoirseachta, i gcás inarb iomchuí, nuair a dhéanann forbairtí sonracha difear do na gnólachtaí infheistíochta nó nuair a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh dóibh. Níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar chinn feidhmeanna rialaithe inmheánaigh tuairisciú laistigh de na gnáthlínte tuairiscithe chomh maith.
155. Ba cheart go mbeadh próisis dhoiciméadaithe i bhfeidhm ag gnólachtaí infheistíochta chun suíomh cheann feidhme rialaithe inmheánaigh a shannadh agus chun a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a tharraingt siar. Ar aon nós, níor cheart na cinn a bhfuil feidhmeanna rialaithe inmheánaigh acu a bhaint gan cead a fháil roimh ré ón gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta.

17.2 Neamhspleáchas feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

156. Chun go measfar na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a bheith ag feidhmiú go neamhspleách, ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:
- ní chomhlíonann a gcuid comhaltaí foirne aon chúraimí oibríochtúla a thagann faoi raon feidhme na ngníomhaíochtaí arb é is aidhm leo faireachán agus rialú a dhéanamh ach amháin má léirítear, i bhfianaise na gcritéar atá liostaithe i dTeideal I chun prionsabal na comhréireachta a chur i bhfeidhm, go bhfuil na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh éifeachtach i gcónaí. Sa chás sin, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta measúnú a dhéanamh ar cibé acu an gcuirtear isteach nó nach gcuirtear isteach ar éifeachtacht a bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh.
 - I gcás inarb iomchuí, tá siad ar leithligh ó thaobh eagraíochta de ó na gníomhaíochtaí a shanntar dóibh chun faireachán agus rialú a dhéanamh orthu;
 - níor cheart luach saothair fhoireann na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh a nascadh le feidhmíocht na ngníomhaíochtaí a ndéanann an fheidhm rialaithe inmheánaigh faireachán orthu agus iad a rialú, agus nach dóigh go gcuirfidís oibiachtúlacht an chomhalta foirne i mbaol²⁸.

²⁸ Féach freisin treoirlínte ÚBE maidir le beartais luacha saothair fhóna, atá ar fáil ag <https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/remuneration/guidelines-on-sound-remuneration-policies>.

17.3 Acmhainní feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

157. Ba chóir go mbeadh dóthain acmhainní ag feidhmeanna rialaithe inmheánaigh. Agus cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta atá leagtha amach i dTeideal I á chur san áireamh, ba cheart líon leordhóthanach comhaltaí foirne cáilithe a bheith acu (ag leibhéal na máthairchuideachta agus ag leibhéal na fochuideachta araon). Ba cheart go leanfadh an fhoireann de bheith cáilithe ar bhonn leanúnach agus ba cheart go gcuirí oiliúint orthu de réir mar is gá.
158. Ba cheart go mbeadh córais iomchuí TF agus tacaíocht ar fáil d'fheidhmeanna rialaithe inmheánaigh, mar aon le rochtain ar an bhfaisnéis inmheánach agus sheachtrach is gá chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh rochtain acu ar an bhfaisnéis uile is gá maidir leis na línte gnó agus na fochuideachtaí ábhartha a bhfuil riosca ag baint leo, go háirithe na cinn a d'fhéadfadh rioscaí ábhartha a chruthú don ghnólacht infheistíochta.

18 Feidhm um bhainistiú riosca

159. Ba cheart go mbeadh an gnólacht infheistíochta ar fad cumhdaithe faoin bhfeidhm bainistíochta riosca (RMF). Ba cheart go mbeadh údarás, próifíl agus acmhainní leordhóthanacha ag an RMF, agus ba cheart critéir na comhréireachta a liostaítear i dTeideal I a chur san áireamh, chun beartais riosca agus an creat bainistíochta riosca a leagtar amach i Roinn 17 a chur chun feidhme.
160. Ba cheart go mbeadh rochtain dhíreach ag RMF, i gcás inar gá, ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta agus ar a choistí, sa chás go bhfuil a leithéid bunaithe, lena n-áirítear go háirithe an coiste riosca.
161. Ba cheart go mbeadh rochtain ag RMF ar gach líne ghnó agus ar gach aonad inmheánach eile a d'fhéadfadh riosca a chruthú, agus ar fochuideachtaí agus ar chleamhnaithe ábhartha chomh maith.
162. Ba cheart go mbeadh a ndóthain eolais, scileanna agus taithí ag comhaltaí foirne laistigh de RMF maidir le teicnící agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, agus maidir le margáí agus táirgí, agus ba cheart go mbeadh rochtain acu ar oiliúint rialta.
163. Ba cheart go nglacfaí le RMF mar ghné lárnach eagraíochtúil den ghnólacht infheistíochta, arna struchtúru ionas gur féidir leis beartais riosca a chur chun feidhme agus an creat bainistíochta riosca a rialú. Ba cheart go mbeadh ról lárnach ag RMF ina áirithiú go mbeidh próisis éifeachtacha bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gnólacht infheistíochta. Ba cheart go mbeadh RMF rannpháirteach go gníomhach i ngach cinneadh ábhartha bainistíochta riosca.
164. I ngrúpa, ba cheart do RMF i máthairghnóthas de chuid an Aontais a bheith in ann dearcadh iomlánaíoch grúpa a sholáthar maidir leis na rioscaí uile agus a áirithiú go gcomhlíonfar an straitéis riosca.

165. Ba cheart do RMF faisnéis neamhspleách ábhartha, anailísí agus breithiúnas saineolach maidir le neamhchosaintí ar riosca, agus comhairle maidir le tograí agus cinntí maidir le riosca a dhéanann línte gnó nó aonaid inmheánacha a chur ar fáil, agus ba cheart dó an comhlacht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis agus an chomhairle sin comhsheasmhach le straitéis riosca agus inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta. Féadfaidh RMF feabhsuithe ar an gcreat bainistíochta riosca agus bearta ceartaitheacha a mholadh chun sárúithe ar bheartais riosca, nósanna imeachta agus teorainneacha a cheartú.

18.1 Ról RMF i straitéis agus cinntí riosca

166. Ba cheart go mbeadh RMF rannpháirteach go gníomhach go luath i straitéis riosca an ghnólachta infheistíochta a fhorbairt agus a áirithiú go mbeidh próisis éifeachtacha bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an ngnólacht infheistíochta. Ba cheart do RMF an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhaineann le riosca a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta ionas go mbeidh sé in ann leibhéal inghlacthachta riosca an ghnólachta infheistíochta a shocrú. Ba cheart do RMF stuamacht agus inbhuanaitheacht na straitéise riosca agus na hinghlacthachta riosca a mheas. Ba cheart go n-áiritheodh sé go n-aistrítear go hiomchuí an inghlacthacht riosca go teorainneacha riosca sonracha. Ba cheart do RMF measúnú a dhéanamh freisin ar straitéisí riosca aonad gnó, lena n-áirítear spriocanna arna moladh ag na haonaid ghnó, agus ba cheart go mbeadh sé rannpháirteach freisin sula ndéanann an comhlacht bainistíochta cinneadh maidir leis na straitéisí riosca agus an inghlacthacht riosca. Ba cheart go mbeadh spriocanna inchreidte agus comhsheasmhach le straitéis riosca agus inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta.

167. Ba cheart go n-áiritheodh rannpháirtíocht RMF sna próisis chinnteoireachta go gcuirfear breithniúcháin riosca san áireamh go hiomchuí. É sin ráite, ba cheart gurb iad na haonaid ghnó agus na haonaid inmheánacha a bheadh freagrach as na cinntí a dhéantar, agus i ndeireadh an dála, an comhlacht bainistíochta.

18.2 Ról RMF in athruithe ábhartha

168. Sula ndéanfar cinntí maidir le hathruithe ábhartha ar phróisis nó ar chórais nó maidir le hidirbhearta eisceachtúla, ba cheart go mbeadh baint ag RMF leis an meastóireacht a dhéantar ar thionchar athruithe agus idirbheart eisceachtúil den sórt sin ar riosca foriomlán an ghnólachta infheistíochta agus an ghrúpa, agus ba cheart dó a thorthaí a thuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta sula ndéanfar cinneadh.

169. Ba cheart do RMF meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na rioscaí sainaitheanta difear a dhéanamh do chumas an ghnólachta infheistíochta nó an ghrúpa a phróifíl riosca, leachtacht agus bonn caipitil fhónta a bhainistiú i gnáth-imthosca agus in imthosca díobhálacha.

18.3 Ról RMF i ndáil le rioscaí a shainaithint, a thomhas, a mheasúnú, a bhainistiú, a mhaolú, a fhaireachán agus a thuairisciú

170. Ba cheart do RMF a áirithiú go mbeidh creat bainistíochta riosca iomchuí ann agus go ndéanfar na rioscaí go léir a shainaithint, a mheasúnú, a thomhas, a fhaireachán, a bhainistiú agus go ndéanfaidh na haonaid ábhartha sa ghnólacht infheistíochta iad a thuairisciú i gceart.
171. Ba cheart do RMF a áirithiú nach ar fhaisnéis chainníochtúil amháin ná ar aschuir na samhla amháin a bhunaítear sainaithint agus measúnú, ach go gcuirfear cineálacha éagsúla cur chuige cáilíochtúil san áireamh freisin. Ba cheart do RMF an comhlacht bainistíochta a choinneáil ar an eolas maidir leis na toimhdí a úsáidtear sna samhlacha riosca agus san anailís riosca agus maidir leis na heasnaimh a d'fhéadfaí a lua leo.
172. Ba cheart do RMF a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú ar idirbhearta le páirtithe gaolmhara agus go ndéanfar na rioscaí a bhaineann leo don ghnólacht infheistíochta a shainaithint agus a mheasúnú go leordhóthanach.
173. Ba cheart do RMF a áirithiú go ndéanfaidh na haonaid ghnó faireachán éifeachtach ar na rioscaí sainaitheanta go léir.
174. Ba cheart do RMF faireachán rialta a dhéanamh ar phróifíl riosca iarbhír an ghnólachta infheistíochta agus í a ghrinnscrúdú i gcomparáid le cuspóirí straitéiseacha agus inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta ionas gur féidir leis an gcomhlacht bainistíochta cinnteoireacht a dhéanamh ina fheidhm bhainistíochta agus na dúshláin atá os comhair an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta a chumasú.
175. Ba cheart do RMF anailís a dhéanamh ar threochtaí agus rioscaí nua nó rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint agus méaduithe ar an riosca a eascraíonn as imthosca agus dálaí athraitheacha. Ba cheart dó athbhreithniú rialta a dhéanamh freisin ar na torthaí iarbhír riosca i gcomparáid le meastacháin roimhe seo (i.e. cúltástáil) chun cruinneas agus éifeachtacht an phróisis bainistíochta riosca a mheasúnú agus a fheabhsú.
176. Ba cheart do RMF meastóireacht a dhéanamh ar bhealaí a d'fhéadfadh rioscaí a mhaolú. Ba cheart go gcuimseofaí i dtuairisciú don chomhlacht bainistíochta tograí le haghaidh gníomhaíochtaí maolaithe riosca iomchuí.

18.4 Ról RMF i dt teorainneacha

177. Ba cheart go n-áireofaí i ról RMF freisin measúnú neamhspleách ar sháruithe ar inghlacthacht nó teorainneacha riosca (lena n-áirítear an chúis a aimsiú agus anailís dlí agus eacnamaíoch a dhéanamh ar an gcostas iarbhír a bhaineann le dúnadh, laghdú nó fálú na neamhchosanta i gcoinne an chostais fhéideartha a bhaineann lena choimeád). Ba cheart do RMF na haonaid ghnó lena mbaineann agus an comhlacht bainistíochta a chur ar an eolas, agus bearta

ceartaitheacha féideartha a mholadh. Ba cheart do RMF tuairisciú go díreach chuig an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta sa chás gur sárú ábhartha atá i gceist, gan dochar do RMF chun feidhmeanna agus coistí inmheánacha eile a thuairisciú.

178. Ba cheart go mbeadh ról lárnach ag RMF maidir lena áirithiú go ndéanfar cinneadh maidir lena mholadh ar an leibhéal ábhartha, go gcomhlíonfaidh na haonaid ghnó ábhartha an cinneadh agus go dtuairisceofar go hiomchuí é don chomhlacht bainistíochta agus, sa chás ina mbunaítear a leithéid, don choiste riosca.

18.5 Ceann na feidhme bainistíochta riosca

179. I gcás ina bhfuil sé bunaithe, ba cheart go mbeadh ceann an RMF freagrach as faisnéis chuimsitheach agus intuigthe a sholáthar faoi rioscaí agus as comhairle a chur ar an gcomhlacht bainistíochta, rud a chuirfeadh ar chumas an chomhlachta sin próifíl riosca fhoriomlán an ghnólachta infheistíochta a thuiscint. Is amhlaidh atá i gcás ceann RMF máthairghnóthas infheistíochta maidir leis an staid chomhdhlúite. Sa chás nár bunaíodh aon fheidhm neamhspleách, is iad na comhaltaí foirne a bhfuil na nósanna imeachta bainistíochta riosca curtha de chúram orthu nó comhaltaí an chomhlachta bainistíochta go díreach a bheidh freagrach as ceann na feidhme bainistíochta riosca.
180. Ba cheart go mbeadh dóthain saineolais, neamhspleáchais agus sinsearachta ag ceann RMF chun cur i gcoinne cinntí a dhéanann dífeall do neamhchosaint gnólachta infheistíochta ar rioscaí. Sa chás nach comhalta den chomhlacht bainistíochta é ceann RMF, agus prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach i dTeideal I á chur san áireamh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta ceann neamhspleách ar RMF a cheapadh nach bhfuil aon fhreagrachtaí air nó uirthi i leith feidhmeanna eile agus a thuairiscíonn go díreach don chomhlacht bainistíochta. Sa chás nach bhfuil sé comhréireach duine a cheapadh atá tiomnaithe díreach do ról cheann RMF, agus prionsabal na comhréireachta mar atá leagtha amach i dTeideal I á chur san áireamh, féadfar an fheidhm sin a chomhcheangal le ceann na feidhme comhlíonta nó is féidir le duine sinsearach eile an fheidhm a chur i gcrích, ar choinníoll nach bhfuil aon choinbhleacht leasa idir na cúraimí a chuirtear i gcrích. I gcás ar bith, ba cheart go mbeadh údarás, próifíl agus neamhspleáchas leordhóthanach ag an duine sin (e.g. ceann dlí).
181. Ba cheart go mbeadh ceann RMF in ann dúshlán cinntí a dhéanann lucht bainistíochta an ghnólachta infheistíochta agus a chomhlacht bainistíochta a thabhairt, agus ba cheart go mbeadh na forais a bhaineann le hagóidí a dhéanamh doiciméadaithe go foirmiúil. Más mian le gnólacht infheistíochta an ceart chun cinntí crosta a dheonú do cheann RMF (e.g. cinneadh creidmheasa nó infheistíochta nó teorainn a shocrú) a dhéantar ag leibhéal atá faoi bhun an chomhlachta bainistíochta, ba cheart dó raon feidhme an chirt chrosta sin, an mhéadaithe nó na nósanna imeachta achomhairc, agus an chaoi a mbeidh baint ag an gcomhlacht bainistíochta leis, a shonrú.
182. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta próisis neartaithe a bhunú chun cinntí a fhorghnó ar léirigh ceann RMF dearcadh diúltach ina leith. Ina fheidhm mhaoirseachta, ba cheart go

mbeadh an comhlacht bainistíochta in ann cumarsáid dhíreach a dhéanamh le ceann RMF maidir le príomh-shaincheistanna riosca, lena n-áirítear forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le straitéis riosca agus inghlachtacht riosca an ghnólachta infheistíochta.

19 Feidhm chomhlíonta²⁹

183. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta feidhm chomhlíonta bhuan agus éifeachtach a bhunú chun riosca comhlíonta a bhainistiú, agus ba cheart dóibh duine a cheapadh a bheidh freagrach as an bhfeidhm sin ar fud an ghnólachta infheistíochta ar fad (oifigeach um chomhlíonadh). Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh an fheidhm chomhlíonta, na beartais agus na nósanna imeachta i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún agus le treoirlínte ESMA maidir leis an bhfeidhm chomhlíonta.
184. Féadfar ról an oifigh um chomhlíonadh, ag cur prionsabal na comhréireachta atá leagtha amach i dTeideal I san áireamh, a chomhcheangal le ceann RMF nó, sa chás nach bhfuil sé comhréireach duine a cheapadh a bheith tiomanta don fheidhm seo amháin, is féidir le duine sinsearach eile an fheidhm a chur i gcrích (e.g. ceann dlí), ar choinníoll nach bhfuil aon choibhleacht leasa idir na cúraimí a chuirtear i gcrích.
185. Ba cheart go mbeadh a ndóthain eolais, scileanna agus taithí ag comhaltaí foirne laistigh den fheidhm chomhlíonta maidir le comhlíonadh agus nósanna imeachta ábhartha, agus ba cheart go mbeadh rochtain acu ar chúrsaí oiliúna go rialta.
186. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta, agus é i mbun a fheidhme maoirseachta, maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme beartais um chomhlíonadh atá doiciméadaithe go maith, agus ba cheart eolas maidir leis an mbeartas sin a roinnt le gach comhalta foirne. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta próiseas a bhunú chun measúnú rialta a dhéanamh ar athruithe ar an dlí agus ar na rialacháin is infheidhme maidir lena ngníomhaíochtaí.
187. Ba cheart go gcuirfeadh an fheidhm chomhlíonta comhairle ar an gcomhlacht bainistíochta maidir le bearta a bheidh le déanamh chun comhlíonadh na ndlíthe, na rialacha, na rialachán agus na gcaighdeán is infheidhme a áirithiú, agus ba cheart go ndéanfadh sí measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil nó rialála ar ghníomhaíochtaí agus ar chreat um chomhlíonadh an ghnólachta infheistíochta.
188. Ba cheart go gcinnteodh an fheidhm chomhlíonta go ndéantar monatóireacht ar chomhlíonadh trí chlár monatóireachta comhlíonta struchtúrtha agus dea-shainithe agus go gcomhlíontar an beartas comhlíonta. Ba cheart don fheidhm chomhlíonta tuairisciú don chomhlacht bainistíochta agus cumarsáid a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, le RMF maidir le riosca comhlíonta an ghnólachta infheistíochta agus maidir lena bhainistiú. Ba cheart don fheidhm chomhlíonta agus do RMF comhoibriú agus faisnéis a mhalartú de réir mar is iomchuí chun a gcuid cúraimí faoi seach a chur i gcrích. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta agus do RMF torthaí na feidhme comhlíonta a chur san áireamh sna próisis chinnteoireachta.

²⁹ Ba cheart an roinn seo a léamh gan dochar do agus in éineacht le treoirlínte ESMA maidir leis an bhfeidhm chomhlíonta.

189. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh in aghaidh iompraíochta inmheánaí nó seachtraí lena bhféadfaí calaois, ML/TF nó coireacht airgeadais eile agus sárúithe smachta a éascú nó a chumasú (e.g. sárúithe ar nósanna imeachta inmheánacha nó sárúithe ar theorainneacha).
190. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go ndéanfaidh a bhfochuideachtaí agus a mbrainsí bearta chun a áirithiú go bhfuil a gcuid oibríochtaí i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin áitiúla. Má chuireann dlíthe agus rialacháin áitiúla bac ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta níos déine agus córas comhlíonta atá á gcur chun feidhme ag an ngrúpa, go háirithe má chuireann siad cosc ar nochtadh agus ar mhalartú faisnéise riachtanaí idir eintitis laistigh den ghrúpa, ba cheart d'fhochuideachtaí agus do bhraintsí an t-oifigeach um chomhlíonadh nó ceann comhlíonta an mháthairghnóthais de chuid an Aontais a chur ar an eolas.

20 Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

191. Nuair atá sé bunaithe, ba cheart go mbeadh an IAF neamhspleách agus go mbeadh údarás, próifíl agus acmhainní leordhóthanacha aige. Go háirithe, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú gur leor cáilíocht chomhaltáí foirne IAF agus acmhainní IAF, go háirithe a chuid uirlisí iniúcháireachta agus modhanna anailíse riosca, do mhéid agus do shuíomhanna an ghnólachta infheistíochta, agus do chineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann le samhail ghnó, gníomhaíochtaí, cultúr riosca agus inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta.
192. Ba cheart go mbeadh IAF ag feidhmiú neamhspleách ar na gníomhaíochtaí iniúchta. Dá bhrí sin, níor cheart IAF a chomhcheangal le feidhmeanna eile.
193. Agus cur chuige rioscabhunaithe á leanúint aige, ba cheart do IAF athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh agus dearbhú oibiachtúil a thabhairt go bhfuil gach gníomhaíocht agus aonad gnólachta infheistíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinsithe, comhlíontach le beartais agus nósanna imeachta an ghnólachta infheistíochta agus ceanglais rialála sheachtracha. Ba cheart go mbeadh gach eintiteas laistigh den ghrúpa ag teacht faoi raon feidhme an IAF.
194. Níor cheart go mbeadh baint ag an IAF le beartais, sásraí, nósanna imeachta nó teorainneacha riosca sonracha maidir le rialú inmheánach a dhearadh, a roghnú, a bhunú nó a chur chun feidhme. Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh sé sin cosc ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta ionchur a iarraidh ón bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí i ndáil le nithe a bhaineann le riosca, rialuithe inmheánacha agus comhlíonadh na rialacha is infheidhme.
195. Ba cheart do IAF a mheasúnú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil creat rialaithe inmheánaigh an ghnólachta infheistíochta, mar atá leagtha amach i Roinn 15, éifeachtach agus éifeachtúil. Go háirithe, ba cheart do IAF measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- a. oiriúnacht chreat rialachais an ghnólachta infheistíochta;
 - b. cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil beartais agus na nósanna imeachta atá bunaithe cheana féin leordhóthanach i gcónaí agus an gcomhlíonann siad ceanglais dhlíthiúla agus rialála agus straitéis riosca agus inghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta;
 - c. comhlíonadh na nósanna imeachta leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme agus le cinntí an chomhlachta bainistíochta;
 - d. cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na nósanna imeachta curtha chun feidhme i gceart agus go héifeachtach (e.g. comhlíonadh idirbheart, an leibhéal riosca a thabhaítear go héifeachtach, etc.); agus
 - e. leordhóthanacht, cáilíocht agus éifeachtacht na rialuithe arna ndéanamh agus an tuairiscithe arna dhéanamh ag na haonaid ghnó (an chéad líne chosanta) agus na feidhmeanna bainistíochta riosca agus comhlíonta.
196. Ba cheart go bhforóidh an IAF, go háirithe, sláine na bpróiseas lena n-áiríteofar iontaofacht mhodhanna agus theicnící an ghnólachta infheistíochta, agus na toimhdí agus na foinsí faisnéise a úsáidtear ina samhlacha inmheánacha (e.g. samhaltú rioscaí agus tomhais chuntasaíochta). Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ann freisin ar cháilíocht agus ar úsáid uirlisí cáilíochtúla um shainnithint agus um measúnú riosca agus ar na bearta maolaithe riosca a rinneadh.
197. Ba cheart go mbeadh rochtain ar fud an ghnólachta infheistíochta gan srian ag IAF ar thaifid, doiciméid, faisnéis agus foirgnimh uile na ggnólachtaí infheistíochta. Ba cheart go n-áireofaí ansin rochtain ar chórais faisnéise bainistíochta agus ar mhiontuairiscí na gcoistí agus na gcomhlachtaí cinnteoireachta go léir.
198. Ba cheart do IAF cloí le caighdeáin ghairmiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta. Sampla de na caighdeáin ghairmiúla dá dtagraítear anseo is ea na caighdeáin arna mbunú ag Institiúid na nIníúcháirí Inmheánacha.
199. Ba cheart obair iniúcháireachta inmheánaí a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchta agus le clár iniúchta mhionsonraithe agus ba cheart go mbeadh cur chuige rioscabhunaithe á leanúint.
200. Ba cheart plean iniúcháireachta inmheánaí a chur i dtoll a chéile uair sa bhliain ar a laghad bunaithe ar chuspóirí rialaithe bliantúla na hiniúcháireachta inmheánaí. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta an plean iniúcháireachta inmheánaigh a fhorghnas.
201. Ba cheart go mbeadh gach moladh iniúchta faoi réir nós imeachta leantach foirmiúil ag na leibhéil iomchuí bhainistíochta chun réiteach éifeachtach agus tráthúil na moltaí sin a áirithiú agus a thuairisciú.

Teideal VI – bainistiú leanúnachais gnó

202. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta plean fóna bainistithe leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe a bhunú chun a áirithiú go bhfuil siad in ann oibriú ar bhonn leanúnach agus chun cailiteanais a theorannú i gcás dian-mhíshocrachta gnó.
203. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta feidhm neamhspleách leanúnachais gnó shonrach a bhunú.
204. Braitheann gnó gnólachta infheistíochta ar roinnt acmhainní ríthábhachtacha (e.g. córais TF, lena n-áirítear néalseirbhísí, córais chumarsáide, príomhchomhaltaí foirne agus foirgnimh). Is é atá mar chuspóir le bainistiú leanúnachais gnó na hiarmhairtí oibríochtúla, airgeadais, dlíthiúla, clú agus ábhartha eile a eascraíonn as tubaiste nó as cur isteach ar feadh tréimhse fhada ar na hacmhainní sin agus as cur isteach ar ghnáthnósanna imeachta gnó an ghnólachta infheistíochta dá bharr sin. D'fhéadfadh go mbeadh sé mar aidhm le bearta bainistíochta riosca eile an dóchúlacht go dtarlódh teagmhais den sórt sin a laghdú nó a dtionchar airgeadais a aistriú chuig tríú páirtithe (e.g. trí árachas).
205. Chun plean bainistithe fóna leanúnachais gnó a bhunú, ba cheart don ghnólacht infheistíochta anailís chúramach a dhéanamh ar fhachtóirí riosca le haghaidh míshocrachtaí gnó, agus a neamhchosaint orthu, agus measúnú a dhéanamh (go cainníochtúil agus go cáilíochtúil) ar a dtionchar féideartha, trí úsáid a bhaint as sonraí inmheánacha agus/nó seachtracha agus anailís ar chásanna. Ba cheart go gcumhdódh an anailís sin gach líne gnó agus gach aonad inmheánach, lena n-áirítear RMF nó na nósanna imeachta bainistíochta riosca, agus ba cheart a n-idirspheáchas a chur san áireamh. Ba cheart go gcabhródh torthaí na hanailíse le tosaíochtaí agus cuspóirí téarnaimh an ghnólachta infheistíochta a shainiú.
206. Ar bhonn na hanailíse thuasluaite, ba cheart do ghnólacht infheistíochta an méid seo a leanas a bhunú:
- pleananna teagmhasacha agus leanúnachais gnó chun a áirithiú go rachaidh an ghnólacht infheistíochta i ngleic go hiomchuí le héigeandálaí agus go mbeidh sé in ann a ghníomhaíochtaí gnó is tábhachtaí a reáchtáil má chuirtear isteach ar a ghnáthnósanna imeachta gnó; agus
 - pleananna téarnaimh le haghaidh acmhainní criticiúla chun cur ar chumas an ghnólachta infheistíochta fillleadh ar ghnáthnós imeachta gnó laistigh de thréimhse ama iomchuí. Ba cheart aon riosca iarmharach ó mhíshocracht gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bheith comhsheasmhach le hinghlacthacht riosca an ghnólachta infheistíochta.
207. Ba cheart pleananna teagmhasacha, leanúnachais gnó agus téarnaimh a dhoiciméadú agus a chur chun feidhme go cúramach. Ba cheart go mbeadh an doiciméadacht ar fáil laistigh de na

línte gnó, aonaid inmheánacha agus an RMF don fhoireann atá i gceannas ar nósanna imeachta bainistíochta riosca, agus ba cheart an doiciméadacht a stóráil ar chórais atá scartha go fisiceach agus a bhfuil rochtain éasca orthu i gcás teagmhais. Ba cheart oiliúint iomchuí a chur ar fáil. Ba cheart na pleananna a thástáil agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Ba cheart aon dúshláin nó teipeanna a tharlaíonn i rith na dtástálacha a dhoiciméadú agus a anailísiú, agus ba cheart na pleananna a athbhreithniú dá réir.

Teideal VII – trédhearcacht

208. Ba cheart na straitéisí, beartais agus nósanna imeachta a chur in iúl do gach comhalta foirne ábhartha sa ghnólacht infheistíochta. Ba cheart d’fhoireann an ghnólachta infheistíochta beartais agus nósanna imeachta a bhaineann lena ndualgais agus lena bhfreagrachtaí a thuiscint agus cloí leo.
209. Dá réir sin, ba cheart don chomhlacht bainistíochta na comhaltaí foirne ábhartha a chur ar an eolas agus a thabhairt cothrom le dáta maidir le straitéisí agus beartais an ghnólachta infheistíochta ar bhealach soiléir agus comhsheasmhach, ar a laghad go dtí an leibhéal is gá chun a ndualgais féin a chur i gcrích. Féadfar é seo a dhéanamh trí threoirlínte scríofa, lámhleabhair nó ar bhealaí eile.
210. I gcás ina gceanglaíonn na húdaráis inniúla ar mháthairghnóthais faoi Airteagal 44 de Threoir (AE) 2019/2034 tuairisc a fhoilsiú go bliantúil ar a struchtúr dlíthiúil agus ar a rialachas agus ar struchtúr eagraíochtúil an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta, ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin gach eintiteas de struchtúr an ghrúpa mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2013/34³⁰, de réir tíre.
211. Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas, ar a laghad, san fhoilseachán:
- forbhreathnú ar eagrú inmheánach an ghnólachta infheistíochta agus ar struchtúr an ghrúpa mar a shainmhínítear é i dTreoir (AE) 2013/34 agus ar na hathruithe a rinneadh air sin, lena n-áirítear na príomhlínte tuairiscithe agus na príomhfhreagrachtaí tuairiscithe;
 - aon athruithe ábhartha ón uair a foilsíodh é roimhe seo agus dáta an athraithe ábhartha;
 - struchtúir dhlíthiúla, rialachais nó eagrúcháin nua;
 - faisnéis faoi struchtúr, eagrú agus comhaltaí an chomhlachta bainistíochta, lena n-áirítear líon na gcomhaltaí agus líon na gcomhaltaí atá cáilithe mar chomhaltaí neamhspleácha,

³⁰ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, Ich. 19)

agus lena sonraítear inscne agus fad shainordú gach comhalta den chomhlacht bainistíochta;

- e. príomhfhreagrachtaí an chomhlachta bainistíochta;
- f. liosta de choistí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhairseachta agus a gcomhdhéanamh;
- g. forléargas ar an mbeartas coinbhleachtaí leasa is infheidhme maidir leis an ngnólacht infheistíochta agus maidir leis an gcomhlacht bainistíochta;
- h. forléargas ar an gcreat rialaithe inmheánaigh; agus
- i. forléargas ar an gcreat bainistíochta leanúnachais gnó.

Iarscríbhinn I – gnéithe nach mór a chur san áireamh nuair a bhíonn beartas rialachais inmheánaigh á fhorbairt

I gcomhréir le Teideal III, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh nuair a bhíonn beartais agus socruithe rialachais inmheánaigh á dtaifeadadh acu:

1. Struchtúr scairshealbhóirí
 2. Struchtúr grúpa, más infheidhme (struchtúr dlíthiúil agus feidhmiúil)
 3. Comhdhéanamh agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta
 - a) critéir roghnúcháin lena n-áirítear conas a chuirtear éagsúlacht san áireamh
 - b) líon, fad an tsainordaithe, uainíocht, aois
 - c) comhaltaí neamhspleácha an chomhlachta bainistíochta
 - d) comhaltaí feidhmiúcháin an chomhlachta bainistíochta
 - e) comhaltaí feidhmiúcháin an chomhlachta bainistíochta
 - f) roinnt inmheánach na gcúraimí, más infheidhme
 4. Struchtúr rialachais agus cairt eagrúcháin (a bhfuil tionchar aige ar an ngrúpa, más infheidhme)
 - a) coistí speisialaithe
 - i. comhdhéanamh
 - ii. feidhmiú
 - b) an coiste feidhmiúcháin, más ann dó
 - i. comhdhéanamh
 - ii. feidhmiú
 5. Sealbhóirí eochairfeidhmeanna
 - a) ceann na feidhme bainistíochta riosca
 - b) ceann na feidhme comhlíonta
 - c) ceann na feidhme iniúcháireachta inmheánaí
 - d) príomhoifigeach airgeadais
 - e) sealbhóirí eochairfeidhmeanna eile
 6. Creat rialaithe inmheánaigh
 - a) tuairisc ar gach feidhm, lena n-áirítear a heagrú, acmhainní, stádas agus údarás
 7. Tuairisc ar an straitéis riosca agus ar an gcreat bainistíochta riosca
-

8. Struchtúr eagrúcháin (a bhfuil tionchar aige ar an ngrúpa, más infheidhme)
 - a) struchtúr oibriúcháin, línte gnó, agus leithdháileadh inniúlachtaí agus freagrachtaí
 - b) seachfhoinsiú
 - c) raon táirgí agus seirbhísí
 - d) raon feidhme geografach gnó
 - e) seirbhísí a sholáthar faoi réim na sairse seirbhísí a sholáthar
 - f) brainsí
 - g) fochuideachtaí, comhfhiontair, etc.
 - h) úsáid a bhaint as ionaid amach ón gcósta
9. Cód iompair agus iompraíochta (a bhfuil tionchar aige ar an ngrúpa, más infheidhme)
 - a) cuspóirí straitéiseacha agus luachanna cuideachta
 - b) cóid agus rialacháin inmheánacha, lena n-áirítear beartais maidir le frithsciúradh airgid agus maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht a mhaoiniú
 - c) beartas um choinbhleacht leasa
 - d) sceithireacht
10. Stádas an bheartais rialachais inmheánaigh, leis an dáta
 - a) forbairt
 - b) an leasú deireanach
 - c) an measúnú deireanach
 - d) arna fhormheas ag an gcomhlacht bainistíochta.

